



Comórtas Peile na Gaeltachta 2008

30 Bealtaine – 2 Meitheamh



Gleann Cholm Cille

Luach: €8

coillte



UNITED FISH
INDUSTRIES



Údarás na Gaeltachta



UNITED FISH
INDUSTRIES

Urraitheoir

Comórtas Peile na Gaeltachta 2008

"Ag tacú le pobail áitiúla"

Go n-éirí go geal leis an
gComórtas Peile
thar an deireadh seachtaine.

Gach rath ar na foirne uilig!

United Fish Industries,
Br. Dhún na nGall,
Na Cealla Beaga,
Co. Dhún na nGall.

Fón: 074-9741800

Facs: 074-9741847

Clár

<i>Fáilte ó Ruaidhrí Uá Cuirrín</i>	3	<i>Buaiteoirí Chomórtas Peile na Gaeltachta, 1969-2007</i>	68
<i>Fáilte agus Teachtaireacht ó Phroinnsias Mac Cuinneagáin</i>	5	<i>Eolas</i>	74
<i>Teachtairacht an Uachtaráin</i>	7	<i>Urraithe</i>	75
<i>Fáilte ó Chathaoirleach Bhord Condae Dhún na nGall</i>	9	<i>Buíochas</i>	76
<i>Teachtairacht ó'n Rúnaí Náisiúnta</i>	10	<i>Clár na bhFoirne agus na Réiteoirí</i>	79
<i>Teachtairacht ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta</i>	12	<i>Cumann Peile Naomb Abán</i>	
<i>Teachtairacht</i>		<i>Baile Mhúirne</i>	80
<i>ó United Fish Industries</i>	13	<i>Cumann Peile Naomb Anna</i>	82
<i>TG4: Baile dúchais na gluichí Gaelacha</i>	15	<i>Naomb Columba</i>	85
<i>Nóta ó Eagraí Spórt</i>	17	<i>An Rinn</i>	93
<i>Focal ón Aire</i>	19	<i>An Ghaeltacht</i>	97
<i>Stair Chumann Lúthchleas Gael Naomb Columba</i>	22	<i>Cill Chartha</i>	102
<i>Gleann Cholm Cille</i>	29	<i>Chill Chomáin</i>	108
<i>Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille</i>	31	<i>Gaoth Dobhair</i>	109
<i>Oscailt oifigiúil Áras Sheáin Ut hÉinne</i>	33	<i>CLG Acla 2008</i>	116
<i>Síúl Siar ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i nGleann Cholm Cille i 1978 agus i 1989</i>	38	<i>Béal Átha'n Ghaorthaidh</i>	118
<i>Laobh Áitiúil – Finín Mac a'Bháird</i>	43	<i>Clann na nGael</i>	121
<i>Bailte Fearainn an Ghleanna le Liam Ó Cuinneagáin</i>	48	<i>Laochra Loch Laoi</i>	127
<i>Ceol an Ghleanna – Ceol Traidisiúnta Ghleann Cholm Cille</i>	51	<i>Móindearg</i>	128
<i>Conal Ó Gadhra</i>	56	<i>Naomb Mhuire</i>	130
<i>An Cluiche Iomána sa Cheantar Seo</i>	58	<i>Piarsaigh Na Dromoda</i>	135
<i>Comórtas Peile na Gaeltachta 1986 sna Dúnaibh</i>	61	<i>Cumann Peile Oileáin Árann</i>	141
		<i>Cumann Peil Gael na mBan</i>	
		<i>Gleann Fhinne</i>	143
		<i>Peile na mBan</i>	
		<i>Cill Chomáin</i>	148
		<i>Foireann Mná Naomb Columba</i>	149
		<i>Clár na nImeachtaí</i>	151



**DONEGAL COUNTY COUNCIL
COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL**

**Comhghairdeas le
C.L.G. Naomh Columba
Gleann Cholm Cille
Ar Óstáil**

**Comórtas Peil
na Gaeltachta 2008**

Fáilte

ó Chathaoirleach CLG Naomh Columba, Ruaidhrí Uá Cuirrín



Dhún na nGall agus na h-urraithe uilig a thug tacaíocht dúinn leis an chomórtas seo a reachtáil. Go raibh míle maith agaibh as ucht bhur dteacht anseo.

Bunaíodh Cumann Naomh Columba i 1948 agus tá neart athraithe tagtha ar an saol ón am sin. Is club iontach bródúil muid agus d'éirigh go maith linn thar na mblianta, cé go raibh go leor laethanta crua againn i bPáirc na nGael, agus bhí na deacrachtaí ceanna againn agus a bhí ag go leor clubanna eile sa tír ó thaobh imirce ón pharóiste. Chuir sé seo isteach go mór ar shaol an cheantair agus an chlub ach sa lá atá inniu ann tá an scéal go breá i nGleann Cholm Cille!

A chairde agus a Ghaeil uilig,

Ba mhaith liom thar ceann Cumann Lúthchleas Gael Naomh Columba fáilte chroíúil a chur romhaibh go dtí Comórtas Peile na Gaeltachta 2008 anseo i nGleann Cholm Cille.

Seo an tréú huair don chlub an Comórtas seo a reachtáil; an chéad uair i 1978 agus an uair dheirneach i 1989.

Cuirim fáilte roimh na h-imreoirí agus a lucht bainistíochta, na h-oifigí agus an lucht leanúna agus roimh na Cailíní Gaelacha a rinne turas fada go Gleann Cholm Cille an deireadh seachtaine seo.

Posta ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Uasal Nioclás Ó Braonáin, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, An tAire Éamon Ó Cuív, An tAire Máire Ní Chochláin, oifigí ó Chomhairle Uladh, oifigí ó Choiste Co.

Mar a fheiceann sibh tá neart oibre déanta ar an pháirc agus an timpeallacht le tamall anuas agus ag an pointe seo ba mhaith liom buíochas an chlub a ghabháil leis an Aire Éamon Ó Cuív agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as ucht an oiread tacaíochta a thug siad dúinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le bunadh na háite agus le daoine ó cheantair eile a d'obair go dian dícheallach le cinntiú go mbeadh achán rud in ord don chomórtas.

Lenár gcomharsanna Cill Chartha, go raibh maith agaibh as ucht bhur n-áiseanna a chur ar fáil dúinn. Le Radio na Gaeltachta agus TG4 ar son an sár obair a chuireann sibh isteach sa

chomórtas, go raibh míle maith agaibh. Chomh maith leis na chluichí, beidh neart eile le déanamh anseo i nGleann i rith na deireadh seachtaine. Mar a tchífidh sibh sa chlár beidh rud inteacht le déanamh ag an teaghlach uilig.

Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as bhur ndeireadh seachtaine linn anseo i nGleann Cholm Cille agus go mbeidh

cluichí breá sportúil againn.

Guím gach rath ar na foirne agus ar na cailíní uilig atá ag glacadh páirte i gComórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Go raibh míle maith agaibh.


Ruaidhrí Uá Cuirrín
Cathaoirleach CLG Naomh Columba


Bord Bia

Irish Food Board

Fáilte agus Teachtaireacht

ó Phroinsias Mac Cuinneagáin Cathaoirleach Coiste Chomórtas Peile na Gaeltachta Cumann Naomh Columba, 2008.



Seo an tríú uair dúinn an deis a fháil na Comórtaisí Náisiúnta de Pheil na Gaeltachta a reachtáil in Iar Dheisceart Dhún na nGall. Tá tríocha bliain imithe uainn ó bhí na Comórtaisí anseo in 1978 do'n chéad uair agus is ceart cuimhniú anois ar na daoine uaisle a bhí ina mball dár gCumann idir peileadoirí agus lucht leanúna, maith dóibh uilig. Bhí na Comórtaisí ar fheabhas an bhliain sin agus mar uachtar ar an gciste, coróineadh Cumann Naomh Columba mar seaimpíní sinsir don chéad uair.

Ansin in 1989 d'eagraíomar na Comórtaisí Náisiúnta arís. Bhíodar go breá ach an uair sin d'éirigh lenár gairde béal dorais, ó Cill Chartha, an bhua a fháil orainn i gCluiche Ceannais na Sinsir. Alt eile a bhí ansin i stair na coimhlinte spóirtúil idir an dá Chumann le daichead bliain anuas. B'iontach an bród a bhí orainn in 1992 nuair a bhí ceathrar on dá Chumann mar laochra ar Fhoireann Dhún na nGall a bhain Craobh na hÉireann do'n chéad uair. In 2004 nuair a bhí Cumann Peile Cill Chartha mar óstach ar na Comórtaisí Náisiúnta thugamar a lán tacaíocht dóibh agus táimid forbhúíoch dóibh ar son an tacaíocht céanna a ghealstan dúinn i mbliana agus muidne mar óstach. Is fíor an

tseanfhocail - Ní neart go cur le chéile.

Taobh amuigh de Oireachtas na Gaeilge, 's é Comórtas Peil na Gaeltachta an príomh fhéile peile agus caidrimh do mhuintir na Gaeltachta. Mar a léirítear gach bliain, tugann sé deis do mhuintir na Gaeltachtaí ó cheann ceann na tíre, teacht le chéile agus deireadh seachtaine suimiúil le neart peile, ceol agus craic a bhíonn ag léiriú ár mbród inár gcultúr naisiúnta. Is léir do achán nduine an brú atá ar ár dteanga naisiúnta ach molaim do gach duine, fiú muna bhfuil agat ach an cúpla focail Gaeilge, bain úsáid as ar dteanga dúchais le bród i gcónaí. Tá ár mhuíochas tuillte go maith ag Raidió na Gaeltachta, TG4 agus Údarás na Gaeltachta ar a bhfuil a dhéanamh acu don Teanga. Tugaigí chuile thacaíocht dóibh aon deis a fháigheann sibh agus ar ndóigh ní gá a rá nach mbéadh Comórtaisí Peile na Gaeltachta leath chomh mór ach a bé an tacaíocht agus urraíocht flaithiúil a thugann siad do na Comórtaisí go bliantúil.

Chun féile mar seo a reachtáil tá gá le neart obair dheonach ó mhórán daoine. Molaim go mór iad siúd uilig atá ag comhoibriú linn agus an lucht gnó atá ag tacú linn. Tá buíochas mór tuillte ag an Aire Rialtais Éamonn Ó Cuív agus an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta ar shon deontaisí flaithiúla a thabhairt d'ár gCumann leis na

háiseanna ar Pháirc na nGael i nGleann Cholm Cille a fheabhsú le iad a chur in oiriúint do Comórtais Náisiúnta Pheil na Gaeltachta. Tá súil againn go mbéidh siad ar fheabhas do na peileadóirí agus an lucht féachanna araon.

Mo bhuíochas chomh maith do'n Coiste Náisiúnta a bhronn an deis seo orainn arís agus geallaim go mbéidh gach duine anseo ag déanamh chuile rud gur féidir le go mbeidh deire seach-

taine ar dóigh ag achan duine a thiocfas go dtí Comórtais Peile na Gaeltachta i nGleann Cholm Cille, deireadh seachtain na Cincise. Tá céad míle fáilte romhaibh uilig. Bainigí taitneamh as an deireadh seachtaine. Le toil Dé beidh an aimsir ceantúil orainn.

Mise, le meas,
Proinsias Mac Cuinneagáin.



Brú na Málainne Bige



An Mhálainn Bhig, Gleann Cholm Cille, Tír Chonaill

Fón: (074) 9730006

Suíomh Idirlíon: www.malinbeghostel.com

R.post: malinbeghostel@oceanfree.net

Ollmhargadh – 20 meadar

Lóistín d'ardchaighdeán ag praghas lú!

Tá súil againn go mbeidh Comórtas iontach agaibh agus go mbeidh deireadh seachtaine iontach ag achan duine i nGleann Cholm Cille!

Teachtairacht an Uachtaráin



Meiriceá agus as áiteanna eile cruinnithe anseo chun an ócáid chultúrtha seo a cheiliúradh i gceantar ar bhuail an imírce go trom é ins an am a chuaigh thart.

Bhí áit lárnach i gcónaí ag an teanga agus an cultúr Gaelach i gCumann Lúthchleas Gael. Is páirt thábhachtach de fhéilire an Chumainn é Comórtas Scór, agus tá iachall orainn go léir – CLCG, Ranna Stáit agus eagraíochtaí teanga – ár ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go mairfidh ár dteanga agus ár gcultúr Gaelach.

Is mór an onóir agus an phribhléid domsa deis a bheith agam an teachtairacht seo a chur chuig aonona, rannpháirtithe agus eagraitheoirí Chomórtais Peile na Gaeltachta 2008.

Is obair ollmhór í ócáid mar seo a eagrú agus is a fhios agam go bhfuil sár-iarracht déanta ag Cumann Naomh Columba chun cluichí ceannais na bliana seo a eagrú. Tréasláim leo féin agus leis an gcoiste Náisiúnta as an méid atá déanta acu chun a chinntiú go mbeidh deireadh seachtaine taitneamhach againn go léir. Tá mé cinnte go gcuirfidh muintir Tír Chonaill agus go speisialta muintir Ghleann Cholm Cille fearadh na fáilte roimh Ghael as gach cearn.

Mar is gnáth cuirimid fáilte ar leith roimh ár gceiste a chónaíonn thar lear agus atá anseo do na cluichí ceannais. Is deis é go bhfuil Gael as an Bhreatain,

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le TG4 agus le Radio na Gaeltachta atá ag tabhairt an oiread sin seirbhísí don chomórtas seo thar na blianta. Tá babhthaí ceannais an chomórtais clúdaithe ag TG4 gach bliain ó bunaíodh an stáisiún. Cuireann a gcuid oibre go mór le craobhacha na Gaeltachta agus tá ár mbuíochas tuillte acu as an méid a dhéanann siad chun ár gcluichí a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, guím gach rath ar imreoirí agus eagraitheoirí Chomórtais Peile na Gaeltachta 2008. Tá súil agam go mbeidh comórtas breá sciliúil agus spórtúil againn a chuirfidh go mór le stair an chomórtais agus a thabharfaidh gradam breise chuig na ceantair Gaeltachta.

Beir Bua,
Nioclás Ó Braonáin
Uachtarán C.L.G.



Bus Éireann

www.buseireann.ie

Déan teagmháil lenár bhfoireann san Ionad Taistil le fios-
rúcháin bhus uilig i **Srath an Urláir 074 9131008**
agus i **Leitir Ceanainn 074 9121309**

nó

Ceannaigh ticéidí taistil ar líne, www.buseireann.ie agus
fáigh lascaire 10%

"Bus Éireann, do sheirbhís bhus áitiúil, gasta, cairdiúil agus
gur féidir leat brath air!"

Fáilte

ó Chathairleach Bhord Condae Dhún na nGall



Mar Chathairleach Bhord na Condae ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le fo-chumann Naomh Columba ar son Comórtaisí Náisiúnta Peile na Gaeltachta a reachtáil don bhliain 2008. Anois le TG4 agus an tuairiscíú a thabharann siad do ár gluicéirí Náisiúnta, is cinnte go mbeidh fo-chumann Naomh Columba ar an stáitse Náisiúnta an deireadh seachtaine seo chun an fhorbairt nua atá acu anois a thaispeáint.

Ar son mhuintir Chumann Lúthchleas Gael Dhún na nGall, cuirim céad fáilte romhaibh uilig agus achan chlub atá anseo ar son a condae, lucht leanúna agus gach duine atá inár measc go Gleann Cholm Cille do Chomórtaisí Náisiúnta Peile na Gaeltachta, 2008, agus tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an deireadh seachtaine.

Tá fhios agam go ndéanfaidh fo-chumann Naomh Columba achan iarracht

deireadh seachtaine iontach a reachtáil ins an dóigh go mbainfidh gach duine sult, spórt agus spraoi as Comórtaisí Peile na Gaeltachta anseo i dTír Chonaill. Is ócáid mhór chultúrtha, sportúil agus teanga í seo.

Gabhaim comhghairdeas le oifigí fho-chumann Naomh Columba a rinne achan obair ar Pháirc na nGael a bheith réidh do Chomórtaisí Peile Náisiúnta. Is cinnte go bhfuil Cumann Luth Chleas Gael i ngach paróiste an tábhachtach ó thaobh an dul chun cinn agus ar son maitheasa achan duine.

Ta súil agam go mbéidh cluicéirí spórtúla againn agus go mbainfidh sibh uilig taitneamh as bhus gcuairt chugainn anseo go Tír Chonaill.

Mise le meas

Sean Ó Ceallaigh
Cathairleach Bord Na Condae
Cumann Luthchleas Gael Dhún na nGall

Teachtaireacht

ó'n Rúnaí Náisiúnta

Bliain ar leith í seo don Chomórtas a bhfuil an dá scór slánaithe aige i mbliana, ní mé cé'n bharúil atá ag Antóin Ó Cearbhaill agus Antóin de Bairéad de'n ócáid a d'fhás as an gCluiche Dúshlán a d'eagraigh siad i 1969? – tá 16 cluiche peile le n-imirt anseo!!!

Tá'n Comórtas ar an dara turas déag go Tír Chonaill agus do'n tréú huair go Gleann Cholm Cille tar éis dúinn bheith sa gceantar álainn seo i 1978 agus 1989

Ar ndóigh tá fás agus forbairt tagtha ar an gComórtas ó bhí sé anseo go deireadh agus dua agus costas dhá réir é a eagrú. Dála an scéil ní bheadh scith chomh fada ag Naomh Columba dá bhfaigheadh Paidí Beag aird, agus é ar thóir an Chomórtais cúpla babhta, go háithríd 1997. Ach is fearr go deireanach ná go brách - údar bróid dósan, don Chathaoirleach Ruaidhrí Ua Cuirrin, an Rúnaí Maighréad Uí Dhochartaigh, don choiste iomlán agus dóibh siúd ar fad a raibh láimh san ullmhúchán don ócáid speisialta seo don Ghleann, gur fearrde iad ar fad dá bharr

Buíochas leis na heagraíochtaí agus na comhluchtaí atá a déanamh urraíocht ar Chomórtas Peile na Gaeltachta – Údarás na Gaeltachta; Ardchomhairle CLG; TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta atá linn le blianta fada, do


Coillte atá fial flaitiúil don dara bliain as a chéile agus do Comhairle Condae Dhún na nGall.

Comhghárdeas leis an gCoiste Áitiúil as ucht síntiúis téagartha a fháil ó BIM agus United Fish Industries.

Sí mo ghuí go mbainfidh gach uile dhuine idir imreoirí, iomaitheoirí, lucht tacaíochta agus cuairteoirí taitneamh agus tairbhe as Comórtas na bliana seo

Ag an tráth seo, ar mhiste fiafraí, an bhfuil an Ghaeilge chomh folláin inniu sna Cumainn Ghaeltachta agus a bhí i 1969??

Micheál Mac Donnchadha,
Rúnaí Náisiúnta
Meitheamh, 2008




C.L.G. Dhún na nGall

Guíonn CLG Dhún na nGall ádh mór ar CLG Naomh Columba

atá ag reachtáil
Comórtas Peile na Gaeltachta 2008
agus ar na foirne uilig
atá ag glacadh páirt as Dún na nGall

Teachtaireacht

ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta



Ar son an Choiste Náisiúnta ba mhaith liom fearadh na fáilte a chur roimh mhuintir na Gaeltachta go Gleann Cholm Cille do chomórtas na bliana 2008. Tá muid ag síúl go mór le sár-dheireadh seachtaine spraoi agus spóirt sa dúiche fíor álainn stairiúil seo.

Tá dlúth-cheangal idir an cheantar seo agus Comórtas Peile na Gaeltachta. Bhuaigh fo-chumann Naomh Columba an chraobh shinsir anseo sa bhliain 1978 agus arís ins na Dúnaibh i 1986. Ba anseo a ritheadh an comórtas náisiúnta i 1989 nuair a bhí an bua ag na comharsana as Cill Chartha ar an fhoireann áitiúil sa chluiche ceannais. Ar ndóigh tá Paidí Beag Mac Giolla Easpaig mar chúl taca dlí ag an chomórtas leis na mblianta fada agus tá sé thar bheith feiliúnach gur ina pharóiste dhúchais atá cluichí ceannais na hÉireann ar síúl scór go leith bliain i ndiaidh iad a réachtáil ann don chéad uair. Tá sé feiliúnach fosta go dtabharfar aitheantas do bhunaitheoirí an

Chomórtais a ritheadh i nGaith Dobhair an chéad lá ariamh i 1969, seo an daicheadú comórtas sa ghrád sinsir.

Tá ár mbuíochas ag dul do fho-chumann Naomh Columba agus na fo-choistí uilig as an obair iontach atá déanta acu. Is dúshlán mór é ach is cinnte go rachaidh ba h-áiseanna breátha chun tairbhe do mhuintir na h-áite sna blianta amach romhainn.

Tá muid faoi chomaoin mhór ag ár n-urraithe go léir – na comhlachtaí éagsúla, Ard Chomhairle CLG, RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4, Údarás na Gaeltachta, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Coistí Condae agus Cúigí CLG agus lucht gnó an cheantair go léir. Tá muid buíoch fosta dona nuachtáin agus lucht craolta a chuireann seirbhísí ar fáil achan bhliain. Guím gach rath ar Nicolás Ó Braonáin atá linn don uair dheireanach mar Uachtarán CLG agus tugaim buíochas do as an tacaíocht a thug sé dúinn i gcónaí. Bainigí sult agus taitneamh as na h-imeachtaí uilig agus go n-éirí go geal le Comórtas 2008.

Seán Ó h-Earcain
Cathaoirleach an Choiste Náisiúnta

Teachtaireacht

ó United Fish Industries & Origin Enterprises,
urraithe Chraobh Uile Éireann

Tugadh cuireadh do Michael Davitt, bunaitheoir Chonradh na dTalún chuig cruinniú de bhunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael i nDúrlas Éile ar 1ú Samhain, 1884, cruinniú a bhí ina chor éinneach i stair na hÉireann.

Ní raibh ar chumas Davitt bheith i láthair ag an chruinniú agus scríobh sé chuig Michael Cusack inár dhúirt sé "nár cheart dúinn iarracht a dhéanamh na cluichí Taitinn a athbheochaint? D'fhéadfá Féile Náisiúnta a eagrú agus duaiseanna a bhronnadh ar fhiúntas, ní ambáin i spóirt éagsúla na gCeilteach ach i gceol, i bhfilíocht, in óráidíocht agus in geleachtais gaolmhara eile"

Tá cuid focail Davitt i 1884 oiriúnach do dheireadh seachtaine Chomórtas Peile na Gaeltachta seo in Gleann Cholm Cille agus do Chlár a bhfuil sé d'onóir ag United Fish Industries & Origin Enterprises cuidiú agus urraíocht a dhéanamh air.

Tá stair agus fad saoil na gCluichí Gaeltachta, an Cheoil Ghaelaigh, na hOidhreacht, an Chultúir agus na Gaelige féamhaithe i bpobail tuaithe, mar atá Origin Enterprises, fo-chuideachta de chuid an IAWS Group. Is as na Comharchumainn Tuaithe a tháinig an IAWS - 'the Irish Agricultural Wholesale Society'. Tá tús áite bainte amach ag Origin anois in earnáil an agrabhaia, i sólathar comhábhair bia, i gcothú bairr agus i bpróitéin mara náisiúla. I measc ár bpunann ghnó tá R&H Hall (bia ainmhithe), Gouldings Fertilisers agus brandaí

aitheanta Shamrock Foods, Roma agus Odlums. Tá United Fish Industries ar an fhód sna Cealla Beaga le blianta anuas agus eochair-seirbhísí a sholáthar againn do thionscal áitiúil na hiascaireachta.

Tugann United Fish Industries agus Origin tacaíocht do phobail áitiúla agus do Chumann Lúthchleas Gael áitiúla – is daoine áitiúla muid féin, tá ár gcroí istigh i spóirt agus is ón phobal a thagann ár bhfoireann. Creideann muid gur cheart fir agus mná óga a spreagadh agus a ghrósadh le páirt a ghlacadh i spóirt, agus bród a bheith acu ina gcumann agus ina gcontae.

Thig linne, tré urraíocht, cuidiú le talann, le comhpháirtíocht agus leis na traidisiúin daingin spóirt a ghrósadh.

Tá "foireann" den scoth againn féin sa chomharsanacht anseo sna Cealla Beaga agus gúfonn muid gach rath ar achan imreoir, bainisteoir, traenalaí na bhfoirne eile sa chomórtas peile seo.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do CLG Naomh Columba as ucht bhur gcuid oibre agus bhur ndíogras agus sibh i mbun eagrú na féile tábhachtach seo.

A chairde atá linn ar chuairt - tá 41 bliain caite againn anseo i dTír Chonaill agus ní chailltear rian na fáilte ariamh ó mhuintir na háite. Go n-éirí an t-ádh libh.

John Healy
UFI

SPÓRT TG4

Ádh Mór
Naomh Columba

Comórtas Peile na Gaeltachta

Gleann Cholm Cille
2008

SPÓRT TG4

Comórtas Peile na Gaeltachta - Gleann Cholm Cille 2008

TG4: Baile dúchais na gcluichí Gaelacha

Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG4



Tréasláfonn TG4 le lucht eagair Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008 i nGleann Cholm Cille agus guímid gach rath ar imeachtaí an deireadh seachtaine. Is breá linn a bheith ag tacú leis an gcomórtas arís i mbliana le beochraoladh ar na cluichí ceannais ar an Eanáir agus buaicphointí ó na babhtaí eile mar réamhrá leis.

Is deacair a chreidiúint go bhfuil an Comórtas iontach seo dhá scór bliain d'aois. Dar ndóigh is sa chontae seo a bhí an chéad chomórtas i 1969 agus tá sé ag neartú agus ag feabhsú ó bhliain go bliain ó shin. Tá a bhuíochas sin dlúite don Choiste Náisiúnta, don CLG féin agus go háirithe do na

clubanna aonair a ghlacann chucu féin an comórtas náisiúnta gach Meitheamh. Tugann an fhorbairt leanúnach agus an tsuim mhéadaithe ag na meáin agus ag an lucht tacaíochta misneach ar leith don chuid sin againn atá ag freastal ar an gcomórtas seo le blianta.

Is cuimhín liom go maith an chéad Chomórtas Peile a bhí sa Ghleann i 1978. Bhí an deireadh seachtaine againn – d'fhan Craobh na Sinsir sa Ghleann agus thug Carna leo Craobh na Sóisir.

Ba bhliain faoi leith a bhí ann don pharóiste mar cúpla mí níos moille bhí Craobh Sinsir na Contae bainte acu.

Bhí bliain iontach spóirt againn ar TG4. Mhéadaigh muid ár gclúdach ar na cluichí Gaelacha, idir Pheil na mBan agus comórtais tús séasúir na bhfear, an tSraith Náisiúnta, craobhacha na gColáistí Dara agus Tríú Leibhéal agus Craobh na gClub.

I nDeireadh Fómhair 2007 thuill ár mbeochlúdach ar Chluichí Ceannais Chraobh TG4 i bPeil na mBan lucht féachana an ard dúinn agus thug Underdogs Pheil na mBan an bua leo ar Réalta Nua Eabhrac i gcluiche a imríodh agus a beochraoladh ó Pháirc athchóirithe na nGael sa gcathair iontach sin. Mar bharr ar an dea scéala, is

údar misnigh ar leith dúinn go bhfuil conradh nua trí bliana aontaithe ag TG4 le CLG a chinnteoidh beochlúdach eisiach ar na comórtais sin ar an gcainéal s'againn gach Domhnach go lár 2011.

Is fiú a lua freisin, mar bhreis ar an gclúdach ar na cluichí Gaelacha féin, go bhfuair am ar ard-mholadh ar an tsraith

is deireanaí de na cláracha cuimhneacháin agus ómóis Laochra Gael a craoladh i dtús na bliana seo.

Anois, táimid sa Ghleann agus muid ag súil le deireadh seachtaine mór comhludair agus peile. Beidh na mílte i láthair agus na mílte eile ag féachaint. Go mbeirimid beo ar an am seo arís!

ÁDH MÓR

NAOMH COLUMBA



Turais Bád go Sliabh Liag

Amanta seolta 10, 12, 2, 4, 6.

Boat Trips to Slieve League

Sailing Times 10, 12, 2, 4, 6.

☎ 0876284688

www.nualastarteelin.com



2008

Nóta ó Eagraí Spórt, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Mártan Ó Ciardha

Cúpla seachtain ó shin agus mé ag tabhairt turais ar Ghleann Cholm Cille féachaint cé chaoi a raibh siad ag déanamh agus iad i mbun an ullmhúcháin don deireadh seachtaine mór atá ar leic an tairsigh againn, ba bheagnár iompaigh mé ar mo sháil arís agus mé leath bealaigh síos bóthar na páirce.

Bhí mé ag ceapadh go raibh an bealach mícheart tugtha agam orm fhéin – beagnach scór bliain ó thaisteal mé an bóthar go deireadh ag babhtáí náisiúnta Chomórtais Peile na Gaeltachta 1989. An uair sin ní raibh an lár-ionad breá nua atá tógtha agus curtha leis don ócáid seo, ní raibh aon chaint ar na háiseanna atá don lucht féachana ar na taobhlínte, ní áirím ar thuill-shoilse ná ar ollphobail mhóra bhána atá anois ar Pháirc na nGael.

Buíochas le Dia d'aithnigh mé piléir an gheata mhóir agus boiscín an airgid, sin rud amháin nár athraigh ná go deimhin an radharc fíor álainn trasna go Ceann Clinne – an radharc a bhain an anáil dom ar mo chuairt dheireannach agus arís roimhe sin ar an gcéad uair ar reachtáil Naomh Columba na babhtáí náisiúnta i 1978.

Is dea-air a chreistiúint go bhfuil deich mbliana fichead caite againn ag dul ó cheann ceann na tíre ó shin ag craoladh bliabhtáí ceannais an deireadh seachtaine. Is tábhachtaí ar fhéilire craolta-spórt RTÉ Raidió na Gaeltachta agus is dea-air ná sin na hathraithe ar fad atá tagtha ar an saol fé chéile ó shin a thabhairt chun cruinnis.

Inniu beidh ar chumas imircigh Gaeltachta i nGlaschú, i mBostún agus

in aon áit ar fuid na cruinne éisteacht le tráchtairacht ar na cluichí agus iad á n-imirt – a bhuíochas sin do chraoldh RTE RnG a bheith le cloisteail ar an idirlíon. Beidh deis freisin ag chuile dhuine cuid de na coimhlíní a fheiceáil beo ar theilifís ó tháinig TG4 ar an bhfód.

Rud eile nár athraigh, buíochas le Dia, is ea gnaíúlacht agus nádur na ndaoine a chasann duit go rialta ag Comórtas Peile na Gaeltachta agus iad siúd nach bhfaca tú ó reachtáil an ócáid san áit go deireadh.

Tá muid i Meitheal Spórt RTÉ Raidió na Gaeltachta ag tnúth go mór leis an deireadh seachtaine agus muid thar a bheith buíoch don chóir atá curtha orainn go háithrid ag Cathaoirleach Naomh Columba Ruaidhrí Uá Cuirrín agus ag an Rúnaí Mairéad Uí Dhochartaigh agus muid ag ullmhú do chraoldh an deireadh seachtaine.

Níl uainn anois ach an aimsir agus an dea-pheil – téann siad beirt le chéile agus mar fhocal scoir, mura bhfaca tú aon amharc agus tú faoi bhealach ar an deichniúr rothaí atá ag taisteal as Béal Átha an Ghaorthaigh go Gleann Cholm Cille ar mhaithe le airgead a bhailiú doibh siúd atá buailte ag an ailse agus do Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh, bígí fial flaitiúil nuair a chasfas siad libh anseo. Báinígí sult agus sásamh as Comórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Mártan Ó Ciardha
Eagraí Spórt
RTÉ Raidió na Gaeltachta

RTE RAIDÍO
NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Focal ón Aire



Sé an chéad rud ba mhaith liom a dhéanamh ná comhghairdeas a dhéanamh le Comórtas Peile na Gaeltachta as ucht an 40ú Comórtas a bheith ar leic an tairsigh againn anseo i nGleann Cholm Cille. Cuireann sé an ríméad orm go bhfuil ceiliúradh le déanamh an deireadh seachtaine seo orthu siúd a chéad cheap an comórtas an chéad lá riamh, Molaim iad – Feardorcha O Colla, Antóin de Baróid agus an Dr. Antóin Delap nach maireann. Tá moladh faoi leith tuille fosta acu siúd a d'eagraigh achann cheann den dá scór comórtas a reachtáil leath ó am a bhunaithe, acu siúd a d'imir sna cluichí agus a rinne freastal orthu agus ar ndóigh ag daoine agus ag comhlachtaí a chur lámh ina bpóca lena chinntiú gur mhair an smaoinéadh atá anois ar cheann de na hócáidí is mó ar fhéilire na Gaeltachta agus na Gaeilge.

Is deas an rud é foirne nua a bheith ag teacht chun cinn agus is suntasach an rud é, chomh maith le Móindearg a bheith ag teacht as Londain le bheith sa choimhlint sa chomórtas le roinnt mhaith blianta, go bhfuil foireann Laochra Loch Laoi as Béal Feirste san iomaíocht arís i mbliana, mar a bhí anuraidh i mBéal Átha an Ghaorthaigh.

Ní beag an t-eagrú atá ar an Chomórtas Peile na laethanta seo agus tá buíochas mór ag dul do Chumann Naomh Columba agus d'oifigigh an Chumainn atá ag oibriú go dian agus go dícheallach le fada anois ag ullmhú don lá seo faoi stiúir a gCathaoirligh Ruaidhrí Ua Cuirrín agus a Rúnaí Mairéad Uí Dhochartaigh. Tá toradh na hoibre le feiceáil san obair bhreá atá déanta ar an pháirc imeartha agus ar an mhéadú agus ar an chóir bhreá atá déanta ar an ionad atá ainmnithe in omós do dhuine de bhunaitheoirí an chumainn – Sean O hÉinne. Bíonn achann chuidiú le fáil ar ndóigh ón Choiste Náisiúnta faoi Chathaoirleacht Sheáin Uí Earcáin agus ar a bhfuil Mícheál Mac Donnchadha ina rúnaí, ó thús ama, tá sé chomh maith duit a rá.

Tá mé cinnte go mbainfidh achann duine a dhéanfaidh freastal ar Chomórtas Peile na Gaeltachta an-sásamh as a dturas chuig ceann de na háiteacha is stairiúla sa tír. Sa 5ú céad thug Naomh Pádraig cuairt ar an Ghleann ach chinn ar an abhainn a thrasnú mar go ndearna na hainspioraid sruth tine di, rud a chlédaigh an áit le ceo. Dúirt Pádraig ag an am go bhfillfeadh fear ní b'fhearr ná é fhéin lá ab fhaide anonn ná sin lena chuid oibre a chríochnú agus 100 bliain dar gcionn bhain Colm Cille an áit chéanna amach agus dhíbir na hainspioraid isteach san fharráige ag an áit a dtugtar Sreig na nDeamhan air ó shin. As sin

amach tá na múrtha fáilte á chur roimh achan chuairteoir chuig an Ghleann álainn atá aimnithe ina chuimhne. An tseachtain seo chugainn tabharfar Turas Cholm Cille ar an 9ú Meitheamh, cothrom a bháis, mar a dhéantar gach bliain.

Is eol dúinn uilig go gcothaíonn an comórtas seo caidreamh agus teagmháil idir na Gaeltachtaí uilig, agus, más ócáid spóirt í is ócáid shóisialta í fosta agus deis lenár ndílseacht agus meas a thaispeáint don Ghaeilge. Tá mé cinnte de gur féidir brath ar iomaitheoirí agus ar an lucht tacaíochta araon a ndíograis a léiriú don teanga i rith an chomórtais.

Ní miste tagairt a dhéanamh na meáin chumarsáide, Raidió na Gaeltachta agus TG4 a bhfuil ról lárnach acu sa Chomórtas le fada an lá – agus tá curtha go mór acu leis mar ócáid mhór spóirt na nGael thar na blianta. Ina

theannta sin craolann siad imeachtaí na deireadh seachtaine dóibh siúd sa bhaile nach dtig leo an turas a dhéanamh chun a bheith i láthair. Tá an-mholadh tuillte acu beirt as ucht an méid suime a léiríonn siad sa Chomórtas seo achan bhliain.

Tréaslaím leis an CLG agus leis an Choiste áitiúil i nGleann Cholm Cille. Fáiltím roimhe na foirne uilig agus guíom gach rath orthu ina gcuid cluichí thar dheireadh na seachtaine, agus tá me cinnte de go mbeifear ábalta a rá i ndiaidh na hócáide seo go raibh Comórtas Peile na Gaeltachta 2008 i measc na gcinn ab fhearr riamh ó thosaigh an tsraith naoi mbliana is tríocha ó shin.

Éamon Ó Cuív T.D.

Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta



Gach rath ar

Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008

agus comhghairdeas le
CLG Naomh Columba

as ucht an ócáid mhór seo a eagrú.

Go n-éirí go mór leis!

DHL Express (Ireland) Limited

Oifig Cláraithe :

DHL House,

Bóthar Mhullach Íde, Soird,

Baile Átha Cliath, Éire.

Uimhir Cláraithe : 106091

Fón : ++ 353 (0)1 8700 700

Stair Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba

Tá scéal fada ag baint le stair Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba, scéal ina bhfuil go leor carachtair agus go leor eachtraí. Is club bródúil agus láidir muid, agus tá go leor daoine a chuidigh leis an chlub a fhorbairt ón chéad lá riamh.

Bunaíodh CLG Naomh Columba mar chlub sóisear sa bhliain 1944, ach bhí peil Ghaelach a imirt sa pharóiste ó bhí 1914 ann. Ag an am sin bhí na fir óga ón cheantar ag druileáil ins na hÓglaigh Náisiúnta. Cheannaigh an Máistir Druileála 'Cróal', fear as Béal Átha Seannaigh, liathróid dóibh sa dóigh go mbeadh siad ábalta an pheil

ghaelach a fhoghlaim nuair a bhí am saor acu. Faraor níor mhair an traenáil seo ró-fhada mar cuireadh tús leis an Chogadh Domhanda, ach sa bhliain 1917 tháinig múinteoir darbh ainm Tomás Ó Muiraigh as Contae Mhuineacháin agus thosaigh an traenáil arís. Bhí tionchar mhór ag an fhear seo ar chúrsaí sa cheantar mar go raibh suim iontach láidir aige sa chultúr Gaelach agus i dteanga na Gaeilge. Thosaigh sé ag teagasc do na daoine óga an dóigh le peil ghaelach a imirt, agus fiú an dóigh le himirt ar fhoireann. Lean an traidisiún ar aghaidh agus nuair a tháinig múinteoir darbh ainm Pádraig Mac Seáin as Teileann chuig an



Foireann faoi 16 sa bhliain 1955:

Cúl: Seosamb Mac Giolla Easbuig, Brian Ó Beirne, Barnaí Mac Cuinneagáin, Liam Séan Ó Cuinneagáin, Seán Ó Dombnaill, Sean de Burca, Seamus Mac Cuinneagáin, Pádraig Ó Beirne. Toiseach: Conall MacFhionnghaile, Caoimhín Craig, Conall Eamonn Mac Giolla Easbuig, Pádaí Beag Mac Giolla Easbuig, Pádraig Mac an tSaoir, Seoirse Ó Baoill, Peadar Ó Laighin

scoil i 1920, chuir seisean tús leis an iománafocht fosta.

I mí Mhárta 1924 tháinig grúpa beag le chéile le cluichí a réachtáil i nGleann. Thosaigh na fir ag traenáil ach an Domhnaigh, agus ar Dé Domhnaigh an 19ú Meitheamh 1924 bhí an chéad chluiche peile riamh i nGleann Cholm Cille.

Tháinig foireann isteach ó Chill Chartha agus cuireadh an cluiche ar siúl ar an trá, in aice leis an áit ina bhfuil Páirc na nGael anois suite. Bhí an bua ag Cill Chartha ar an lá agus chuir an cluiche stairiúla seo tús le sraith chluiche idir an dhá pharóiste.

Cuireadh tús leis an chomórtas idir an dhá fhoireann do 'Corn Shliabh Liag' sa bhliain 1930 agus lean sé seo ar aghaidh go dtí 1935. Bhí deacrachtaí sa cheantar sna mblianta sin ó thaobh an imirce agus bhí sé deacair uaireanta imreoirí a fháil. Lean an scéal seo ar aghaidh go dtí 1944, nuair ar an 27ú Lúnasa cuireadh coiste úr le chéile ag cruinniú i dteach Mhic Niallais ar an Chaiseal.

Bá ea seo an chéad iarracht a rinneadh sa cheantar le fóchumann a chur le chéile.

Seo a leanas na daoine a bhí ar an choiste stairiúla seo:

Uachtarán
Cathaoirleach
Cisteoir
Rúnai

An tAthair Peadar Mac Uidhir
Cathal Mac Niallais
Seán Ó hÉinne
Pádraig Ó hÉigearthaigh

Coiste:
Peadar Mac Giolla Easbuig
Seamus Ó Cannáin
Prionnsais Mac Fhionnghaile
Prionnsais Ó Cannáin
Cathal Ó Laighin
Seamus Mac Loinsigh

Liam Ó Cuinneagáin
Micheál Ó hÉinne
Cathal Ó Gádhra
Pádraig Ó Mórán
Peadar Mac Giolla Easbuig

Caitheadh muid onóir a thabhairt do na fir seo ar an thionscnafocht a thaispeáin siad ar an tráthnóna tábhachtach sin. Chuir siad tús le traidisiún láidir den peil Ghaelach i nGleann Cholm Cille, traidisiún atá fós beo agus ag láidriú ó gháin go gháin.

Thosaigh go leor imeachtaí amach ansin mar go raibh coiste anois ag

stiúradh cúrsaí peile sa cheantar. Cuireadh tús leis na gcluichí eadrainn agus ár gcomharsana i gCill Chartha arís, ach is dócha ba ea an rud is suim-iúla a tharla sa bhliain 1944 ná an cluiche a tharla idir Gleann Cholm Cille agus foireann Ard á Rátha ar Dé Domhnaigh an 22ú Deireadh Fómhair. Thaiséal foireann Ard a Rátha go Gleann ar rothair faoi stiúir Pádraig

Mór Mac an Ghoil le cluiche cairdiúil a imirt linn. Bhain Ard a Rátha an cluiche seo, agus spreag sé muintir Ghleann le páirt a ghlacadh i gcomórtais eile.

I 1945 cuireadh tús le sraith-chomórtas sa pharóiste. Ghlac cúig fhoireann páirt sa chomórtas agus bhain foireann Ghleann é nuair a bhí an bua acu ar fhoireann Theilinn sa chluiche cheannais. Rinne an coiste cinneadh páirt a ghlacadh sna comórtais choiste an Iardheiscirt, agus ar an 17ú Feabhra 1946 d'fhreastal Seán Ó hÉinne agus Con Ó Gádhra ar chruinniú de Choiste an Iardheiscirt in Ard a Rátha. Chuir siad isteach ar chomórtas Corn Naomh Chonála agus craobh na Sóisear. D'éirigh go maith le foireann Ghleann i gcomórtas 1946, agus shroich siad an

cluiche leath-cheannais, ina chaill siad amach do fhoireann Cor Liath. Ghlac an club páirt i go leor comórtais ón bhliain 1946 go 1950 nuair a bhuaíl an imirce an ceantar arís agus chuaigh go leor imreoirí go Sasana nó Meiriceá.

Idir 1950 agus 1962 bhí muintir Ghleann ag imirt i gcomhair le muintir Chill Chartha mar nach raibh go leor imreoirí sa cheantar le foireann a chur le chéile. Cé go raibh stad curtha lenár gcomórtais áfach, cuireadh tús le sraith-chomórtas idir na scoileanna agus ghlac cúig scoil páirt ann. Thart ar an am seo fosta tháinig forbairt ar áiseanna imeartha an chlub. Ag an am ní raibh acu ach an trá le cluichí a imirt, ach nuair a tháinig an tAthair Mac Daidhir go Gleann Cholm Cille i mí na Nollag 1951 thug sé faoi deara go raibh níos



Cúl: Gearóid Mac Giolla Easbuig, Pdraig Ó Beirne, Conall Eamonn Mac Giolla Easbuig, Proinnsias Mac Cuinneagáin,
Toiseach: Sean de Búrca, Cathal Mac Cuinneagáin, Sean Ó hÉinne, Cathal Ó Laighan


mó na seo de dhíth le bheith i ndáiríre faoi staid an chlub amach ansin. Cheannaigh sé píosa talamh a bhí ó Chlann Uí Bhaoill, agus i ndiaidh go leor oibre bhí páirc galánta ann. An t-aon fadhb a bhí againn ansin ná nach raibh foireann i nGleann!!

D'athraigh sé seo sa bhliain 1962 nuair a tháinig imreoirí, idir óg agus aosta, as dá thaobh an pharóiste le chéile agus cuireadh tús le foireann sóisear ina an pharóiste arís.

Ghlac siad páirt i 'gCorn an Derry Journal' sa bhliain 1964 agus bhain siad sé le uaire ó sin amach. Ó thaobh comórtais eile, ghlac Naomh Columba páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta i nGleann Cholm Cille i 1978, Gallarais i nDaingean i 1985, Na Dúnaibh i 1986, Béal an Mhuirthid i 1987, Gleann Cholm Cille arís i 1989 agus

Ceathrú Rua i 1997. Bhain muid an comórtas i 1978 nuair a d'rechtáil Naomh Columba an comórtas sa cheantar seo, agus arís i 1986 nuair a bhain muid an comórtas sna Dúnaibh. Bhí an comórtas againn i nGleann arís i 1989, agus d'éirigh go h-iontach leis.

Bhí cumann láidir againn i rith na hochtóidí agus na nóchaidí, le buaicphointe i 1990 nuair a bhain muid Craobh Sinsear na Condae don dara uair, tar éis é a bhaint don chéad úr sa bhliain 1978. Bhí buaicphointe eile i 1992 nuair a d'imir beirt ón chlub, Seán Seosamh Ó Dochartaigh agus Nollaig Ó hEigheartaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann nuair a bhain Dún na nGall an Craobh Sinsear don chéad úr. Anois sa bhliain 2008 tá fóchumann CLG Naomh Columba difriúil againn anois ná an cumann a chuireadh le chéile ar an lá tábhachtach



Buaicphointe i stair CLG Naomh Columba i 1992 nuair a d'imir beirt ón chlub, Seán Seosamh Ó Dochartaigh agus Nollaig Ó hEigheartaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann nuair a bhain Dún na nGall an Craobh Sinsear don chéad úr. I bpictiúir anseo le Micheal Oilibhéar Mac an tSáir (go ndéana Dia trócaire ar a anam).

sin i 1944. Tá áiseanna iontach againn ag Páirc na nGael le seomraí feistis úra, ardán breathnaithe agus seastán don lucht féachana, agus go leor spás páirceála thart ar an pháirc. Tá an club anois ag glacadh páirt in achan rannóg agus tá mórhorbairt tagtha ar na foirne uilig, ina measc an fhoireann na mban úr atá ag an chlub. Tá muid ag baint úsáid as an nua-theicneolaíocht fosta le fógraíocht a dhéanamh ar ár gcumann, le suíomh idirlíon úr bunaithe againn i mbliana. Tá muid i gcónaí ag tabhairt tús áite don teanga agus don chultúr in imeachtaí an chlub, agus glacann muid páirt lárnach i Scór achan bliain.

Tuigeann muid cé chomh tábhachtach agus atá an cumann ó thaobh caomhnú ár dteanga agus dá bhrí sin cuireann muid béim ar achan gné den shaol Gaelach.

Tá muid anois ag druideadh ar réimse úr i stáir Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba. Tá go leor athraithe tagtha ar an Chumann Lúthchleas Gael agus ar ár fhóchumann Naomh Columba ó bunaíodh sé, ach tá na príomhaidhmeanna fós mar an chéanna.

Mar a dúirt Seán Ó hÉinne sa bhliain 1983. 'Tá sé iontach tábhachtach cluichí

a bhaint, ach tá sé i bhfad níos tábhachtaí coinneáil ag imirt an cluiche'. Bhí an ceart aige. Is cuma ma bhaineann muid na cluichí, tá muid ag déanamh rud i bhfad níos tábhachtaí ó thaobh slánú ár gcultúr agus ár gcluiche Gaelach. Táimid ag coinneáil ár gcultúr beo le aistriú go glúin eile amach anseo, agus faoi láthair tá ag éirí go maith linn é sin a dhéanamh.

Dóibh siúd a bheidh ag scríobh an chéad 'Stáir fhóchumann Naomh Columba' eile, tá súil agam go mbeidh an scéal fós chomh dearfach ansin agus atá sé inniu.

Caitriona Nic Seoin
Oifigeach Caidrimh Poiblí Chumann
Lúthchleas Gael Naomh Columba
Bealtaine 2008

O'NEILLS®

Tá súil againn go mbeidh deireadh seachtaine iontach agaibh i nGleann Cholm Cille.

Adh mór ar Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba agus Comórtas Peile na Gaeltachta 2008

ó

Ionadaí Áitiúla (Club Direct)

James Lovett
ar 086 245 2716

Your local Club Direct Sales
Representative:
James Lovett 086 245 2716



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaelige

Ionad Ghaoth Dobhair 'Cúrsaí den scoth do Phobal na Gaelige'

Cúrsa Céime

- BA i Riarachán Gnó

Cúrsaí Diplóma

- Diplóma i Scileanna Teilifíse
- Diplóma i Scileanna Aistriúcháin
- Diplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó
- Diplóma i gCleachtas Ealaíne
- Diplóma i Léann an Tradisiúin
- Diplóma sa Ghaeilge



Breis eolais le fáil ó:

Doirí Beaga, Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

Fón: 074 9531919 Facs: 074 9531477

Ríomhphost: gaothdobhair@oegaillimh.ie

www.acadamh.ie

Údarás
na
Gaeltachta



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs



Gleann Cholm Cille

Síneann paróiste Ghleann Cholm Cille thar 13,252 heicteár ó Ard an Rátha ar an taobh ó dheas go dtí na Cealla Beaga agus Cill Chartha ar an taobh thoir; ar thaobh na farraige, tá teorainn fhada aige a sheolann isteach a fhad le paróiste Bhéal Átha Seanaigh. De réir daonáirimh 2006 bhí tuairim agus 1500 daoine ag cur fúthu go lánaimseartha sa paróiste. Is iad an Ghaeilge agus an Béarla na teangacha a bhí le sonrú go stairiúil ann ach, ar ndóighe, tá seo ag athrú de réir mar a thig daoine ó thíortha eile chun cónaithe agus chun oibre inár measc.

Go míon mínic, nuair a luaitear Gleann Cholm Cille, tig ainm an Athair Bhéalois Mhic Daidhir isteach sa chomhrá. Fear a bhí ann a bhain iomrá náisiúnta agus idirnáisiúnta amach de thairbhe gur chuir sé staid shaol phobal tuaithe ar shúile an rialtais in am nuair a bhí beag is fíú déanta den bhochtanas agus de haiseanna sóisialta lasmuigh de bhailte móra na hÉireann. Ar a theacht go Gleann an chéad uair sa bhliain 1951 ba léir don sagart seo go ndearnaidh dearmad ar an cheantar ó thaobh seirbhíse agus gnátháiscanna sóisialta de. Don dream a bhí ciúin níos bacadh leo. Shluaigh sé rionscáid a bhunú a bhíodh a reachtail ag bunadh na háite agus a thabhairtadh fostaíocht do na daoine a bhí ag maireachtáil sa paróiste. Mar chuid den scéim seo bunaíodh an Clachán sa bhliain 1967. Tig le daoine bualadh isteach ar an áit seo agus tuighfeall físiúil a fháil ar shaol bhunadh na tuaithe thar na blianta seo a chuaigh thart. Tá bialann agus siopa

ann chomh maith a bhíonn oscailte don phobal i rith an tsamhraidh.

Tá cúlra saibhir seanchais agus béaloidis ag paróiste Ghleann Cholm Cille. Rugadh an bailitheoir béaloidis cáiliúil, Seán Ó hEochaidh i gCruachlann, Teileann agus tógadh é ar an Cheapaigh sa cheantar chéanna. Thosaigh Ó hEochaidh ag obair le Coimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935 agus chaith sé chóir a bheith cúig bliana is tríocha leo agus trí bliana déag ina dhiaidh sin le Roinn Béaloideas Éireann ag dul thart fá Thír Chonaill ag bailiú scéalta agus amhrán, i nGaeilge agus i mBéarla, ó bhunadh an chonadae. Ba léir óna dhúshaothar gur chaith Ó hEochaidh an-dua leis an obair a bhí idir lámha aige. Tá bailiúchán s'aige ar an bhailiúchán is mó de bhailitheoirí an Choimisiúin. Bhí Teileann ar maos ar fad sa tseanchas san am a chuaigh thart agus is iomaí scoláire a thug faoi thionscnamh ar chanúint na háite. Foilsíodh trí leabhar ar Ghaeilge Theilinn sa dara cuid den aois seo caite Seán Ó hEochaidh, Sean-Chainnt Theilinn (1955); Heinrich Wagner, Gaeilge Theilinn (1959); agus Una Uí Bheirn, Cnuasach Focal as Teileann (1989). Ó thaobh seanchais de, tá anonn is anall le sé mhíle dhéag leathanach de bhéaloideas scríofa de lámh i Roinn Bhéaloideas Éireann i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a bailíodh ó bhunadh na háite.

Is fada fairsing an t-iomrá atá ar cheol agus ar cheoltóirí Ghleann Cholm Cille agus is rímhór an spéis i gceol na fíde,

ar a bhfuil an t-anmhóran scríofa. I rith an tsamhraidh tig ceol a chluinstean go rialta sna tithe tábhairne ar fud an pharóiste, bíonn ceardlanna fíde ar siúl um Cháisc leis an cheoltóir cáiliúil James Byrne agus a theaghlach, agus ar ndóighe, bíonn Seachtain an bhFídléirí ar siúl mí Iúil a tharraingíonn na sluaite go Gleann Cholm Cille bliain i ndiaidh bliana. Chomh maith le seo, tig cluas le héisteacht a thabhairt don cheol áitiúil ag na ceolchoirmeacha seachtainiúla a bhíonn ar siúl in Oideas Gael a fhad agus a bhíonn cúrsaí Gaeilge ar dul ar aghaidh. I measc móránhránaí an cheantair a bhíonn ar ardán ag na ceolchoirmeacha seo tá Brian O Baoighill, fear atá ina chónaí i Mín an Aoire. Sa bhliain 1961 thug Brian leis an dara háit sa chomórtas scéalaíochta faoi dhaichead bliain. Bhuaigh sé Corn Neidí Frainc sa bhliain 1996 don chomórtas scéalaíochta sinsear i nGaith Dobhair, agus i nGleann Cholm Cille sa bhliain 1989 bhuaigh sé Corn Uí Fhearraigh don chéad áit sa chomórtas scéalaíochta leis an scéal "Cnochaire Tarnocht". Bfódh gur lena chuid scéalaíochta a thug sé leis na duaiseana, is mar amhránaí a bhíonn sé os comhair an phobail ar na laetha seo.

Tá turasóireacht ghníomhach á forbairt agus ag borradh le cupla bhliain anuas i nGleann Cholm Cille. Bunaíodh Oideas Gael ag Liam Ó Cuinneagáin ceithre bliana is fiche ó shin agus achan bhliain tig na sluaite ón uile chearn den domhain chun Gaeilge a fhoghlaim sna ranganna teanga a bhíonn ar siúl ann. Chomh maith le ranganna Gaeilge bíonn ranganna ealaíona, seandálaíochta agus timpeallachta. Tig na céadta go díreach chun aghaidh a

thabhairt ar na sléibhte agus ar na cnoic a luíonn mórthimpeall an cheantair, ach go háirithe Sliabh Liag atá 1972 troigh in airde agus a thig sa séú háit ó thaobh altanna farraige na hEorpa de.

Ó thaobh na staire agus na seandálaíochta de bheadh sé doiligh Gleann Cholm Cille a shárú. Tig súil a chaitheamh ar leaba Dhiarmada agus Ghráinne, ar an túr Martello, agus ar na galláin atá suite thall is abhus fán Chaiseal. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin ábhar seo sa leabhar a scríobh an tOllamh Seosamh Watson, Oidhreacht Ghleann Cholm Cille (1989) agus ar an suíomh idirlín www.carrickonline.ie. Ar an 9ú lá de Mheitheamh achan bhliain bíonn Turas Cholm Cille ar siúl, turas a shíneann thar thrí mhíle mórthimpeall na clocha atá ina luí thall is abhus fá Ghleann. Is ábhar bróid go leantar den nós seo go fóill agus go dtig le daoine a theacht agus páirt a ghlacadh sa turas, i rith an lae nó i rith na hoíche. Bhí gnás ag bunadh Ghleann Cholm Cille an turas seo a dhéanamh costarocht ach is annamh a chítear seo a thuilleadh. Is é fear áitiúil, an fíorchaomhnóir dúchais agus oidhreachta, Séamus Mac Giolla Chearra, a bhíonn mar threoraí ar an turas achan bhliain.

Ba mhaith linn fáilte a chur roimh achan duine atá ag teacht as Gaeltachtaí eile na tíre chuig Gleann Cholm Cille, daoine a chothaigh agus a choinníonn na traidisiúin chéanna agus an teanga beo ina measc agus a dhéanann muidinne anseo. Ba mhaith linn fosta achan rath a ghuí ar Chomórtas Peile na Gaeltachta.

Eithne Ní Ghallchobhair

LÁR Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Ar son Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille (LCPG) ba mhaith liom fáilte a chur roimh achan duine chuig ár gceantar do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Seo ócáid fíor thábhachtach, ní amháin don chlub áitiúla anseo ach fosta don Ghlaucht uilig. Tugann sé deis dúinn teacht le chéile agus ár n-oidhreachta, cultúr agus teanga a cheiliúradh thar deireadh seachtaine iontach.

Tá LCPG ag obair go daonlathach mar seacht choiste do na cúig phobal i hParóiste Ghleann Cholm Cille. Sula cuireadh an Lár Chomhairle le chéile bhí na pobail sin uilig ag obair leo féin ar mhaithe lena gceantar féin. Tá triúr ar achan ceantar ar an choiste lánach seo agus oibríonn an cúigear déag seo le feabhas a chur ar an pharóiste uilig. Clárúidh an coiste mar chomhlacht pobalbhunaithe sa bhliain 2005.

I dtacaíocht ón dHeantas Síocháin agus Athbhunúitearais don chéad bhliain agus urraíocht leamúnach ó deontas ríochtúla Udarás na Gaeltachta tá siad ag feidhmiú ó Phlean Forbartha Cúig Bliana a seoladh i mí Meitheamh 2005. Bhí na gníomhaíochtaí pobalstúirtha ná luaite sa phlean seo tá athbheochan na Gaeilge sa cheantar mar príomhaidhm ag an chomhlacht, agus ó thaobh seo fuair LCPG deontas de €10,000 thar trí bliain ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoin Scéim Tionscnamh

Pleanála Teanga. Chomh maith le sin tá sé beartaithe tionscnamh fuinneamh gaoithe pobail a lonnadh sa cheantar, plean bainistíochta dramhaíola a sholáthar, seirbhís leathanbhanda a chur ar fáil, tograí a chur le chéile do dhaoine óga agus aosta agus eile. Bíonn LCPG i dteagmháil rialta leis na grúpaí eile sa cheantar agus ag tabhairt tacaíocht dóibh ó thaobh tograí atá beartaithe acu chomh maith.

Tá beirt fostaithe go lán-aimseartha ag an Lár Chomhairle agus tá siad ag feidhmiú as an oifig atá lonnaithe ar an Mhálainn Mhóir. Tá an t-oifigeach forbartha fostaithe leis an phlean forbartha cúig bliana a chur i bhfeidhm sa cheantar. Oibríonn sí leis na haidhmeanna atá luaite ann a bhaint amach. Thug LCPG faoi deara go raibh gníomhú de dhíth ó thaobh staid na Gaeilge in Iardheisceart an chontae, agus dá bhrí seo bhí an pleanáil teanga mar aidhm lánach sa Phlean Forbartha Cúig Bliana. Cuireadh tús leis an scéim 'Tionscnamh Pleanála Teanga' sa cheantar i mí Bealtaine 2007 nuair a fostaíodh bainisteoir teanga mar gheall ar mhaoiniú faighte ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tá an bainisteoir teanga ag obair faoi chúram an Lár Chomhairle agus na grúpaí uilig a fheidhmíonn sa cheantar, leis an Ghaeilge a chur chun cinn agus a láidriú sa dóigh go mbeidh sí slán ó ghlúin go glúin amach anseo. Mar

choiste deonach, tuigean muid cé chomh tábhachtach agus atá ár dteanga agus cultúr, agus déanann muid ach an iarracht é seo a chur in iúl don phobal ina bhfuil muid ag feidhmiú.

Guímid gach deá-ghuíf ar Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba. Tá ardmholadh tuillte acu as an sár oibre a rinne siad le fáil réidh do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008. Tá súil

againn go mbeidh deireadh seachtaine iontach agaibh agus go mbainfidh ach an duine sult as na himeachtaí.

Brian Mac Cuinneagáin
Cathaoirleach Lár Chomhairle Paróiste
Ghleann Cholm Cille

Oscailt oifigiúil Áras Sheáin Uí hÉinne

20ú Iúil, 2003

Bhí lá mór againn i stair CLG Naomh Columba ar an Domhnach 20ú Iúil, 2003 nuair a rinneadh oscailt oifigiúil ar Áras Sheáin Uí Éinne. Is í Máire Ní Chochláin, T.D. An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, mar a bhí ag an am, agus atá anois ina Tánáiste agus ina hAire Fiontair agus Fostaíochta - comhghairdeachas léi - a rinne an oscailt os comhar slua an-mhór.


Ainmníodh an foirgneamh nua in ómós do Sheán Ó hÉinne, as Ceann na Coilleadh ansco in Gleann (1908 - 1997). Ba fíor gael a bhí in Seán, a raibh grá mór aige do gach rud gaelach. Bhí suim aige sa pheil ghaelach, sa

chultúr gaelach agus, ar ndóiche, sa teanga. Bhí sé iontach gníomhach i ngach eagraíocht sa pharóiste, agus ard mheas air i measc an phobail dá bharr. Bhí sé i gcónaí ag obair ar son leas an phobail.


Ba dhuine de bhunatheoirí Cumann Lúthchleas Gael Naomh Columba é, agus d'oibrigh sé go díograsach don Chumann ar feadh trí scór bliain, suas go dtí 1984. Bhí páirt lárnach aige i gceannacht Páirc na nGael, i gcuideachta an Canónach Séamus Mac Duibhir agus Liam Ó Cuinneagáin, nach maireann.



Ar an tAire Máire Ní Chochláin agus Cathaoirleach Naomh Columba 2003, Seán Ó hÉinne ag Oscailt oifigiúil Áras Sheáin Uí hÉinne



Páidí Beag Mac Giolla Easpuig as CLG Naomb Columba ag caint ar an lá



Paistí ag imirt peile ag Oscailt Oifigiúil Áras Sheáin Uí hÉinne

Is iomaí scéal a innistear fána dhíogras agus a dhúthracht don Chumann sa pharóiste. Tharla sé lá go raibh sé ina réiteoir ar chluiche idir Gleann agus Teileann, cluiche a h-imrúidh ar an trá. Dhá chuaille agus téad buí eadtorra a bhí mar bháire acu. Bhí bunadh Theilinn den bharúil gur bhuail an liathróid an téad i mbaire Ghlinne agus go ndeachaigh sí faoi – rud a thabharfadh cúl daofa. Ach bhí cúl báire Ghlinne den bharúil go ndeachaidh an liathróid thar an téad agus nach raibh ann ach cúilín. Ach bhí a bharúil fhéin

ag Seán! Dúirt sé dá mbeadh barra trasna ar dóigh ann in áit na téide go dtiocfadh an liathróid arais i bpáirc na himeartha agus thug sé cic saor amach do Ghleann.

Beidh meas mór ar Sheán go deo i measc baill Lúthchleas Gael Ghleann Cholm Cille.

Gola
INTERIORS

- BLINDS
- CURTAINS
- SOFT FURNISHINGS

LOURHANDRAN ANAGIRE COUNTY DONEGAL T. 074 95 48555 F. 074 95 62807

Guíonn foireann Gola
gach rath ar
Chomórtas Peile na Gaeltachta
i
nGleann Cholm Cille

Tell: 074 9548555 Facs: 074 9662807



Aerfort Dhún na nGall Donegal Airport

An Bealach go Contae Dhún na nGall
Gateway to County Donegal



Donegal
Níos cóngaraí
na shliocann tú!

- Eitit ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath i 40 bomaite. Ta eitilt díreach go Baile Átha Cliath dhá uair sa lá le ceangail a dheanamh ar fud na cruinne
- Eitit ó Dhún na nGall go Prestwick (Claschú) i 55 bomaite
- Éascaí seiceail isteach
- Cafié – Béar CharraigFhinne, síopa agus nuachtánaí
- Eolas ar áiseanna turasoireachta



Hertz Aer Arann **AVIS**

www.donegalairport.ie
Chun airtíthintí a dhéanamh agus le breis eolais a fháil déan teagmhail le hAerfort Dhún na nGall
Téil: +00353 74 9548284 / 9548232 Ríomhphost: info@donegalairport.ie



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

National Fisheries College
Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board
Greencastle
Co. Donegal.
Tel.+353 (0)74 9381068/9381099
Fax.+353 (0)74 9381278
Email: nfcgreencastle@bim.ie

Regional Fisheries Centre
Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board
The Pier,
Castletownbere,
Co. Cork.
Tel.+353 (0)27 70450
Fax.+353 (0)27 70858
Email: rfccastletownbere@bim.ie

Seafood Industry Training

log onto www.bim.ie for more information

Súil Siar ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i nGleann Cholm Cille i 1978 agus i 1989

I stair Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba seasann an bhliain 1978 amach níos gile thar bhliain ar bith eile. Tarlaíonn sé seo mar gur éirf lenár bhfoirne éagsúla ar ár pháirc imeartha. Seo a leanas cuid de na torthaí ón bhliain sin:


Mionúr Cluiche leathcheannais na Contae.

Faoi 21 Bhain siad Craobh na Contae. Sár fhoireann ab ea iad.

Sinsir Craobh na hÉireann de Chomórtas Peile na Gaeltachta. Cluiche Ceannais Sciath na Contae. Craobh Sinsir na Contae.

Shocraigh an Coiste Náisiúnta de Chomórtas Peile na Gaeltachta go mbeidh na Comórtais Náisiúnta a réachtáil i nGleann Cholm Cille an bhliain sin chomh maith. Cé a chreidfeadh go mbeadh sé ar chumas cumann nach raibh cúig bliana déag bunaithe ag an am dúshlán mar sin a ghlacadh ar láimh.

Bhí an t-ádh orainn ag an am go raibh ár gCumann iontach gníomhach le gach duine ag tarraingt le chéile. Is iontach an fuinneamh a bhíonn i ngluaiseacht mar sin. Bhíodh cruinniú ag an chumann achan seachtain, agus ghlac achan ball cúramaí ar láimh. Bhí a lán fó-choistí ag obair agus thug siad



Mícheal Oilibhéar Mac an tSaoir le Padai Beag Mac Giolla Easbuig i 1978

cuntas ag na cruinnithe uilig maidir le cad é mar a bhí siad ag éirf leo. Bhí sé de phribhléid agam bheith mar Chathaoirleach ag an am agus le go leor tacaíocht ó mhuintir na háite ní raibh aon amhras orm nuair a d'éirigh go breá linn.

Tá creidiúint mhór tuilte ag cuile dhuine, ó Chléir go tuataigh, mar de réir an Coiste Náisiúnta b'iad na Comórtais is fearr ó thosaíodh iad siar sa bhliain 1969.

Tógadh scomraí feistis úra agus rinne Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Conal O Murchú, oscailt oifigiúil orthu ar an Lúain den chomórtas.

Bhí cúl mór gach oíche i Halla Mhuire agus in Óstán Ghleann Cholm Cille le linn an mhóir i láthair acu. Thuill mná títhe na paróiste clú agus cáil de bharr a gceoil agus do na foirne a tháinig anseo. Tháinig na sluaite ó achan Gaeltacht ar fíor go Gleann don deireadh seach-

taine sin agus bhain siad sult agus sásamh as an ócáid. Bhí Gaeilge líofa agus flúirseach le cloisteáil i gach áit.

Bhí muid iontach bródúil nuair a roghnaíodh ár gcaílin álainn ó Ghleann Cholm Cille, Mairéad Ní Bhaoill, mar Chailín Ghaelach Náisiúnta agus ghlac sí páirt i gcomórtas Rós Thrá Lí ar ár son níos moille sa bhliain sin.

Maidir leis an pheil d'éirigh go geal linn. I gcomórtas na Sóisir bhí an lá le foireann Charna in aghaidh foireann Naomh Mhicheál sa chluiche ceannais. I gcomórtas na Sinsir, ina raibh ár gCumann féin ag glacadh páirt, d'éirigh linn an bua a fháil ar fhoireann Bhéal an Mhuirthéid as Contae Mhaigh Eo sa chluiche leathcheannais. Bhí gach duine ag coinneáil súil ar fhoireann An Fháirche áfach, a bhí ag déanamh a mbealach go réidh chuig an gcluiche cheannais le taispeántais iontach cumasach. Bhí foireann ar dóigh acu agus iad beagnach cinnte go n-éireoidh



Foireann Naomh Columba leis an Chorn i 1978

leo, ba chuma cé a bheadh ina n-aghaidh. Ba bheag daoine a shíl go mbeadh sé ar chumas Naomh Columba dúshlán maith a chur rompu. Chaith Mairead Ní Bhaoil, Cailín Ghaelach na Féile, an liathróid isteach le tús a chur leis an chluiche ceannais. I bhfaiteadh na súl fuair foireann Naomh Columba cúlín agus cúl agus bhí an lámh in uachtar acu ar fhoireann An Fháirce go deireadh an chluiche. Bhí taispeántas iontach tugtha d'iadsan a bhí i láthair an lá sin. Bhí Craobh na hÉireann bainte ag Cumann Naomh Columba don chéad uair. Beidh cuimhne go deo ar ár gcaptaen iontach, Micheal Oilibhéar Mac a tSaoir atá, is trua linn a rá, imithe ar shlí na fírinne, ag tógáil Coróin na hÉireann dúinn an lá sin. Bhí críoch ar dóigh curtha le Comórtas Peile na Gaeltachta 1978 i nGleann Cholm Cille.

Comórtas Peile na Gaeltachta 1989 i nGleann Cholm Cille

Is mór a d'fhoghlaim ár gcumann do bharr Comórtas 1978 a bheith againn



Foireann Naomh Columba i 1989 ag Comórtas Peile na Gaeltachta

anseo. Bhí baill ár gcumann bródúil deis eile a fháil leis an deireadh seachtaine mór a réachtáil inár bparóiste arís. Bhí a lán tacaíocht ar fáil o mhuintir na háite chun tabhairt faoi arís. B'iad seo a leanas Oifigí an Chumann do 1989:


Cathaoirleach	Proinnsias Mac Cuinneagáin
Rúnaí	Cathal Ó Dubhgáin
Cisteoir	Seán O Ailis
Oifigeach	
Caidrimh	
Poiblí	Seán Seamus Mac Lochlainn
Oifigeach na Gaeilge	Cristín Bn Uí Churraighín
Leas-Chathaoir -leach	Donnchadh O Ailis
Rúnaí- Cúnta	Sile Nic Giolla Róigh
Cisteoir-Cúnta	Séamus Mac Fhionnlaoich.

Leis na socráithe uilig déanta cuireadh tús leis na himeachtaí tráthnóna Dé hAoine, an dara lá de Mheitheamh, le cluiche sóisir idir Gael Thír Chonaill as Londain in aghaidh Cill Chartha.

Bhain Cill Chartha go héascaigh agus lean siad ar aghaidh tríd na babhtaí eile go dtí gur tháinig siad amach ar barr sa Chluiche Ceannais Sóisireach in aghaidh Na Piarasaigh.

Na Chomórtas Sinsearach d'éirigh thar barr le Naomh Columba go dtí go bhfuair siad chomh fada leis an chluiche ceannais. Cé a bheadh inár n-éadan ach sár fhoireann ó Cill Chartha. I ndiaidh cluiche breá spoirtiúil bhí an bua ag Cill Chartha. Bhí an dhá choróin bainte acu. B'shin an t-aon uair i stair Chomórtas Peile na Gaeltachta gur éirigh le cumann ar bith Craobh Sóisir agus Sinsir a bhaint i mbliain amháin.

Bhí an taobh sóisialta de na gComórtais sin go breá ar fad le neart craic agus ceol i ngach cearn. Thuill muintir an cheantar buíochas ó chuile dream a tháinig anseo idir imreoirí agus a lucht leanúna, as an dóigh mhaith a d'fhreastal siad ar riachtanais na gcuairteoirí. Le cuidiú Dé beidh an scéal mar an gcéanna i mbliana.




An Caim Ghaelach, Deirbhille Ní Churraighín i 1989 ag caitheamh isteach an liathróid don Chluiche Ceannais idir Naomh Columba agus Cill Chartha

'Tá cuimhne agam go bhfuair sé gortú sa mhuinéal a choinnigh ar gcúl é agus dá mbeadh sé againn i 1983, bheadh Craobh na hÉireann bainte againn'.

'Bhí sé iontach. Ba é Seán Ó Néill bainisteoir fhoireann Uladh, agus dúirt sé liom go mbeadh Finín ar dhuine de na céad daoine ar a liosta s'aige d'achan cluiche'.

Bhí sé ina onóir ollmhór imirt do Uladh ag an am sin, mar ní raibh Dún na nGall ag déanamh ró-mhaith ag an am'.

'Nuair a thosaigh mise ag imirt do Dhún na nGall, ba Ard Mhacha an fhoireann ab fharr ag an am sin. Cuireadh Finín i dtólamh ag marcáil Brian Hughes agus choinneadh seo Brian breá ciúin'.



Pictiúir: Finín Mac a'Bháird le Micheal Oilibhéar Mac a'tSaoir (go ndéana Dia trócaire air) agus Seán Ó Gaibheagáin, triúr a bhí ar fhoireann Naomh Columba a bhain Comórtas Peile na Gaeltachta agus Craobh an Condae i 1978. Bhí an triúr céanna ar fhoireann Naomh Columba a bhuaigh Craobh an Condae i 1990 chomh maith

'Thiocfadh le Finín imirt in áit ar bith'. 'Ag leibhéal an chlub, thiocfadh leis a bheith chun tosaí agus thiocfadh leis aon cheann den tseisear áit ar gcúl a imirt don Chondae'.

'Dá mbeadh Finín ag imirt inniu, thiocfadh leis an fhód a sheasamh i lár na páirce mar bhí sé in innibh an-rás a dhéanamh leis an liathróid'.

'Bhíodh an-choimhlint idir Gleann agus Cill Chartha agus roimhe an chluiche, ba é Finín a phlé muid mar an duine a bhí le stopadh in achan cluiche. Thiocfadh sé chun tosaigh ón leathchúl agus é ag tabhairt an fhoireann uilig leis ina rás'.

Ó chuir Finín a bhróga ar leataobh, tá sé mar dhuine den lucht anailíse is fearr le fáil agus is cinnte go mbeadh sé ina chomhalta iontach ar fhoireann bainistíochta ar bith – ag leibhéal condae nó club'.

Comhaltas Uladh

Bunaíodh 3 Samhain 1926



Maigh Ard
DÚN GEANAINN
BT71 7QB

Fón: (028) 3754 8487
Fax: (028) 3754 9577

Comhghairdeas ó

Chomhaltas Uladh

le muintir Ghleann Cholm Cille
ar a bhfuil ar siúl acu
ar son na Gaeilge

Adh mór ar

CLG Naomh Columba le Comórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Bainigí sult as an ócáid!

Dá mba mhaith leat Craobh de Chomhaltas Uladh a bhunú i do cheantar féin, bí i dteagmháil linn ag an tseoladh thuas.



Foras na Gaeilge

Institiúid Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn

Letterkenny
Institute of Technology



Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) ag tairiscint scoláireachtaí spóirt do mhic léinn atá cláraithe agus ag freastal go lánaimseartha ar an Institiúid. San Institiúid seo, amharctar ar éachtaí spóirt mar chuid riachtanach d'fhorbairt na mac léinn agus eagraítear mórán clár spóirt gach uile bhliain mar pháirt den fheilire spóirt idir-ollscoile.

Gach bliain, bronntar 10 scoláireacht spóirt ar mhic léinn a mheastar go bhfuil a leithéid tuillte acu. Tarlaíonn an próiseas roghnúcháin ag tús an dara seimeastair acadúla. Le linn an phróiseas seo, déantar gach mac léinn a mheas gcomhthéacs iad seo a leanas:

- Dílseacht don chumann spóirt laistigh den Institiúid, agus
- Dul chun cinn acadúil inghlactha a choimeád i rith na tréimhse sin.

I measc na mac léinn ar bronnadh scoláireacht spóirt orthu i 2007/2008, bhí Ciarán Ó hEigearthaigh a bhfuil gaol láidir teaghlaigh aige le Gleann Cholm Cille. Tá Ciarán ina mhac léinn dara bliana, ag staidéar Suirbhéireacht Chainníochta, agus tá sé ina bhall de Chlub CLG Naomh Olaf i mBaile Átha Cliath. I mbliana, d'imir sé mar chúlaí cliathánach dá chlub féin agus mar leathchúlaí láir do LYIT. Is ball lánach é d'fhoireann peile gaelaí an LYIT.

www.lyit.ie

Mac B

FASTENERS & ELECTRONIC HARDWARE

Ba mhaith le
Domhnall Mac a' Bháird,
a chlann agus a fhoireann

i

Mac B Ltd

Gach rath agus dea ghuí a sheoladh chuig

CLG Naomh Columba

le reachtáil

Chomórtas Peile na Gaeltachta

Mac B Ltd

Teil: 353+21+4866733

Faics: 353+21+4866742

Póca: 0872553033

R-Phost: dmacb@macb.ie

Bailte Fearainn an Ghleanna le Liam Ó Cuinneagáin

Ceann de na réimsí saibhris cultúrtha atá ag imeacht uainn ná an t-eolas a bhí ag ár muintir ar logainmneacha a gceantar dúchais. Nuair a chuir iriseoir ón Irish Times ceist ar an scríbhneoir clúiteach ón Ghleann, Patrick Mc Ginley, cérbh as dó, ba é a fhreagra ná dá gcuirfí an cheist sin ar a mhuintir, déarfadh siad ainm na carraige ar a raibh siad ina suí uirthi. Ní hamhlaidh sin níos mó agus is dócha, sa lá atá inniu ann, go mbeadh deacracht ag an aos óg na bailte fearainn taobh leo a ainmniú.

Bhí bunús ar leith le ainmneacha na mbailte fearainn agus an dóigh a fuair siad a gcuid ainmneacha ach bhí níos mó na sin fiú! Tháinig fear thart ar na ceantair Gaeltachta anseo, ag tús an chéid dheireannach, agus thug sé cuairt ar bhailte fearainn agus thug a leasainmneacha fhéin orthu. Chum Micheál Chordáin rannaíocht faoi bhailte Ghleann Cholm Cille agus leis an fhírinne a rá, ní fios an raibh sé ag iarraidh bheith maslach nó magúil ach choinnigh na daoine cuimhne ar a chuid ainmneacha ar aon chuma. (Tuairim ag daoine gur de shliocht thuaiscirt Ciarraí 'Ó Cordáin').

Seo cuid de h-ainmneacha agus cuimhnigí nach mise a chum!

Gleann Locha na Lachain, Mín na Saileach na gCoileach,
Lochthoira' thuirc na gCoileach,
Leargán Breac na mBreac,
Bachta na Troda, Mín an Chearrbhaigh na gcearrbhaithe,
Gliomaigh Dhún Alt, Blagards na Dumhcha,
Pacaí Chill Fhánaid, Dearnáidí an Chaisil, Béafan Ard,
Garbhros gránna, Cruinticró an anró,
Baile Ard na Gaoithe,
Bangoirt goirt, Droim an óir, Gort a'lúin na bpaidreacha beaga, Saobh na leiftean, Brághaid na spíodóirí, Ró-áird na bhfíodóirí, Cuirrín na blathaí, Bláth Chinn na Coilleadh, Clochán na ngadaí.

Is é an seanchaí clúiteach as Dún Alt, Seán Mac Niallais, a thug an t-eolas seo don oide scoile Máire Nic Conghaola mar chuid de bhailiúchán na bunscóile a thionscnaigh Roinn Béaloideas Éireann sna tríocháidí. Rinne an ceoltóir Seán Ó Néill bailiúchán iomlán de logainmneacha an pharóiste (suas le 2,200 acu) agus é mbun tráchtas dhochtúra do Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a bronnadh air i 1973.

Liam Ó Cuinneagáin.



Spirits & Liqueurs Ltd

Ádh mór ar

Naomh Columba agus Comórtas Peile na Gaeltachta

i nGleann Cholm Cille ó Mhairtín
agus an foireann uilig in

MCM

The Mall, Ballyshannon, Co. Donegal
tel: 071 98 52434 Fax: 071 98 52435

Mac Giolla Easbuig & a Chomh.

Cuntasóirí Cairte & Comhairleoirí Cánach
Gleann Mhálainne
Gleann Cholm Cille

Teileafón: 074 9730956 / 087 2437398
E-phost: mmacgiollaeasbuig@eircom.net

Seirbhísí Comhairleoireachta Airgeadais agus Cánach

- Leabharchoiméad
- Páighrolla / PAYE / PRSI
- Cáin Ioncaim
- Cáin Breis Luacha
- Cuntaisí Gnó
- Clárú Cánach
- Teastais Glánta Cánach
- Cuntais Fheirmeoireachta

Seirbhísí Deisiúcháin Ríomhaireachta ar fáil chomh maith

Guíonn Micheal & Eileen gach rath ar CLG Naomh Columba agus ar Chomórtas Peile na Gaeltachta

Ceol an Ghleanna - Ceol Traidisiúnta Ghleann Cholm Cille

le Rónán Ó Docharthaigh

Iar éigean a cheapfá nach raibh an ceol traidisiúnta riamh mar chuid lár-nach de shaoltaithí Ghleann Cholm Cille agus tú ag baint an lá de i lár an samraidh. Forthram na bhfidleacha, an t-amaiseáir glórach gléigeal agus an hús iontach a bhíonn thart fá thithe tábhairne is ionaid chruinnithe an cheantair ó mhí an Mheithimh ar aghaidh. Ní dóigh liom go dtiocfadh le cuairteoirí na dea-aimsire, a thugann an méid sin spreagtha do na ceoltóirí áitiúla, an tost agus an easpa spraoi a bhíodh ann uaireanta i rith an gheimhreadh a shamhlú, agus an sólas a bhítreann an ceol don phobal le linn an ama sin. An ndóigh thabharfadh an saol is a mháthair fá deara an feabhas atá tagtha ar chúrsaí le gairid. Ní heol d'aon duine, áfach, an tréaniarracht a bhí laistiar den athrú sin is cé chomh gar is tháinig muid go cailliúint an traidisiúin ar fad.

Wthada an bealach ó cheantar Cholm Cille a bhí muid nuair a casadh Rónán Galvin orm i gColáiste na hOllscoile, Bala Átha Cliath. As an rath sin tite dó, thosaigh sé ag foghlaim na fidle agus é ar chuartheanna chun na háite mar dhéagóir fiche bliain a bhí. I ábhair na huairé tá sé i mbun M.Ú. sa Bhéaloidéas. Míntíonn sé cuid de stair an cheoil sa cheantar.

Bhí traidisiún an-láidir i nGleann Cholm Cille, go háirithe i measc na pléine sin a d'fhás aníos roimh an Dara

Cogadh Domhanda. Ba iad an fhidil agus an bosca ceoil na gléasanna ba choitianta sa cheantar. Roimhe sin bhí roinnt fidile ann i rith an naoiú aois cinnte, ach bhí a lán portaire nó lilters ann chomh maith. Damhsaí sciobail, highlands, ríleanna, mazurkas, port dúbailte, port luascach, cornphíopaí, valse, agus fonn mall ba mhó a sheinneadh. Bhí stór ceoil an-mhór san iardheisceart, agus bhí leaganacha difriúla de na poirt ag na ceoltóirí ansin ná mar a bheadh in áiteanna eile. Bhí cúpla leagan ag an ríl cháiliúil, 'The Pigeon on the Gate', mar shampla, sa cheantar. Bhí cúpla leagan de 'Miss McLeod's', ceann amháin ag Jimmy Lyons a raibh cónaí air i dTeileann agus leagan eile i nGleann Cholm Cille."

Bhí tionchar nach beag ag an lucht siúil ar cheol an Ghleanna chomh maith. Scaip daoine ar nós na McConnells agus, níos moille, John Doherty na poirt ar fud an iardheiscirt agus chruthaigh siad na nascanna ceoil atá ag Gleann Cholm Cille leis na Gleanntaí, Ard an Rátha agus áiteanna mar sin.

"Iad siúd, an ghlúin a rugadh idir 1890-1910, – ba iadsan an ghlúin ba láidre ó thaobh ceoil traidisiúnta de. Tháinig athrú sa traidisiúin i rith na seascaidí. Tháinig an raidió, tháinig an show bands, tháinig an teilifís. D'imigh a lán daoine ar imirce chomh maith".

“Ach bhí fídléir amháin, agus sin James Byrne as Mín na Croise, b’fhéidir an fídléir is tábhachtaí i gceol Ghleann Cholm Cille, a choinnigh an fhídléireacht ag gabháil nuair nach raibh beagnach aon duine eile ag seinm”.

Leagann Mick Browne, fídléir eile a bhfuil ceol an Ghleanna ar a thoil aige, béim ar thábhacht an Bheirneigh fosta;

“Is dócha go raibh Con Cassidy ar cheann de na fídléirí deireanacha mór le rá ó Theileann agus rugadh seisean i 1909. Tá sé suimiúil féachaint ar phiocadh suas na fidile ina dhiaidh sin. Bheadh James Byrne agus a leithéidí le linn a óige an-eisceachtúil. A bheag nó a mhór, shábháil James an traidisiún sin. Cartlann ceoil ann féin is ea é, níl teorainn lena chuid eolais – ní hamháin ar na poirt, ach na scéalta taobh thiar dóibh, cé a sheinn iad is cé uaidh a d’fhoghlaim siad an port sin”.

Tá leanúnachas an traidisiúin ag croílár obair James agus a mhná céile Connie san aimsir seo. Labhair mé léithi fá dtaobh dá dtionscnamh rathúil, Ceol sa Ghleann;

“We started with just fiddle classes back in the nineties and it then developed into something much bigger. We run a week-long festival every Easter and also a summer school in late July, with a programme of workshops during the winter”.

Tá Féile Ealaíon Traidisiúnta Ghleann Cholm Cille, a bhíonn ar siúl achan Cháisc anois, ar cheann de

bhuaicpointí na bliana i bhféilire an cheoil thraidisiúnta i dTír Chonaill. Tarraingíonn sí, ní hamháin scoth na gceoltóirí áitiúla le ceolchoirmeacha, ceardlanna agus damhsaí, ach aird idirnáisiúnta leis.

“This year we invited a few players from Scandinavia to do a concert and a workshop. That went really well and they took a great interest in what we were doing. They come from a rural area in Scandinavia and their music is, in a way, very comparable to the music of this area, in that it’s not very commercialised. They still play for dances and weddings – it’s much more played for their own entertainment”.

I measc na fídléireachta uilig, is furast dearmad a dhéanamh go bhfuil stór saibhir amhrán sa pharóiste go fóill ag daoine mar Chití Seán Uí Chuinneagáin, as Teileann, Briain Ó Baoighill, Mín an Aoire, John Mac Guidhir, Gleann Cholm Cille agus Domhnail Mac a’ Bhaird, Teileann, fosta. Ar na hamhráin is mó a bhfuil eolas againn fúthu tá Bríd Bhán, Cailíní Deasa Shrath Laoil agus Camas Binne; amhrán fá long a thit go tóin poill amuigh ó Phort. Bádh scór mairnéalach, agus mhair beirt. Is í an amhránaíocht an cuntas is cruinne dá bhfuil againn anois ar iarmhairtí na tragóide ar an cheantar.

Is iomaí bealach le traidisiún a chaomhnú agus sin atá á dhéanamh ag an Chartlann Ceoil Thraidisiúnta in ionad na hÁislainne, lonnaithe i gCill Chartha. Tá beirt ansin, Mick Browne ina measc, ag obair chun seantaifeadaithe ceoil a

abstrú ó théip go foirm leictreonach. Tá taifeadaithe acu de Con Cassidy; Teileann, Francie agus Mickey Byrne; Cill Chartha, Christy Byrne, James Byrne, John Doherty agus tuilleadh lena gois. Ó dheireadh na n-ochtóidí ar aghaidh, rinne Mick é féin a theagasc ó bheith ag éisteacht le seancheoltóirí na háite. Fírd an chartlann seo beidh deis ag gluin eile foghlaim ó na saineolaithe atá imithe ar shlí na firinne anois.

“Tá sé tábhachtach an méid seo a bheith againn. Le bheith ag éisteacht le fídléireacht, is rud nua é sin, tá sé chomh fada ón na damhsaí tí a bhíodh ann uair amháin agus is féidir leat dul. Ba é sin an fíorchéol traidisiúnta. Ach tá rudaí ag dul i bhfeabhas. Le gairid chonaic mé a lán daoine óga agus iad níos dearbhaí faoin cheol ná mar a bhí riamh”.

Ar ndóigh, is é an t-athrú is suntasaí atá le brath ná an athnuachan spéise sa cheol i measc an aosa óig. Agus tá cuid acu i mbuaidh aitheantais agus gradam náisiúnta a bhaint amach dóibh féin leis. Cuid de phróiseas na foghlamtha is ea é na máistrí a fheiceáil agus iad i mbun a gearde. Le cúpla samhradh annas comradh sraith ceolchoirmeacha ar siúl in Oideas Gael, Gleann Cholm Cille, a mbeallann ceoltóirí den chéad scoth, idir dhúchasaigh is dhaoine ó cheann ceann na tíre, fá stiúir Ronan Galvin.

Anraibh bhí Steve Cooney is Laoise Kelly againn, Emer Mayock, Cormac Cannon, Breda Keville agus Kathleen Loughane, Diarmuid Ó Beirne is Mairéad Ní Mhaonaigh, Diarmuid Mac Lochlainn is Pól Ó

Seachnasaigh”. I mbliana táthar ag siúl go mbeidh Tommy Peoples agus Diarmuid Ó Beirne ag seinm le chéile. Beidh Laoise Kelly agus Emer Mayock ar ais, Dermie agus Tara Diamond agus go leor ceoltóirí eile nach bhfuil ainmnithe go fóill.

Tá tionscnamh eile in omós do na máistrí ar siúl ag Cairdeas na bhFídléirí. Fá láthair tá siad ag cur bheathaisnéisí na seancheoltóirí as Tír Chonaill le chéile agus ag bailiú grianghrafanna dóibh leis. Beidh siad ar fáil go luath ar an suíomh idirlín www.donegalfiddlemusic.ie.

Úire is beocht arís a bheas le brath i nGleann Cholm Cille an samhradh seo. Idir cheol agus pheil tá siúl againn go mbeidh neart le ceiliúradh agus le bheith bródúil fá dtaobh de. Má tá an ceol traidisiúnta imithe i bhfad ón chaitheamh aimsire coiteann a bhíodh ann tráth, tá tuiscint úr againn ar cé chomh fiúntach is atá sé agus meas nua faighte aige – mar ealaín, mar chuid d’fhéiniúlacht na dúiche féin. Sin bua nach dtiocfadh a shárú, bua nár cheart faillí a dhéanamh air go deo.




Cuirfear Scoil Shamhraidh Ceol sa Ghleann 2008 ar bun ón 21-25 mí Iúil. Tosóidh na ceolchoirmeacha seachtainiúla i nGleann Cholm Cille i lár mhí an Mheithimh agus iad ar siúl achan oíche Dé Céadaoin ar aghaidh go dtí deireadh mhí Lúnasa. Beidh an fhéile sheanbhunaithe fídléireachta Seachtain na bhFídléirí ar siúl, mar is gnáth, an chéad sheachtain de mhí Lúnasa i nGleann Cholm Cille.

Mocklers

Cakes 'n' Bakes

11 Anvil Court,
St. Catherine's Road,
Na Cealla Beaga,
Co. Dhún na nGall.
Fón: 074-9732823

"Go n-éirí le CLG Naomh Columba le
Comórtas Peile na Gaeltachta 2008"



MOYA O'DONNELL

B.C.L.

MOYA O'DONNELL & CO

DLÍODÓIRÍ

NA CEALLA BEAGA
TÍR CHONAILL

FÓN 074 9732131

FACS 074 9732132

RPOST: odonnellmoya@eircom.net

TÁ súil againn go n-éirí go geal libh sa
Chomórtas i mbliana.

Conal Ó Gadhra.

Imíonn na daoine ach fanann na cnoic. Nach minic a cluintear an tseanfhocal sin. I stair Chumann Lúthchleas Gael Naomh Columba faraor tá liosta fada de dhaoine uaisle a thug seirbhís thar an gnáthach don Chumann. I mí Dheireadh Fómhair anuraidh d'fhág muid slán ag Conal Ó Gadhra a fuair bás. Tá súil againn go léir go mbeidh Dia maith do anois agus i gcónaí mar bhí Conal thar a bheith maith agus dílis do CLG Naomh Columba óna óige go dtí a bhás.

Níor thug Dia ach tamall gearr eile do i ndiaidh bás Sheáin Ó hÉinne, laoch agus fíor-Ghael eile d'ár gCumann. Siar sna daicheadaí nuair nach raibh Cumann d'ar gcuid féin i bparóiste Ghleann Cholm Cille roghnaíodh Conal agus Seán le bheith mar theachtaí ón pharóiste chun freastal ar chruinniú CLG Iardheisceart Dhúin na nGall a bhí ar siúl in Ard a 'Rátha ar an Domhnach 17ú Feabhra 1946. D'éirigh leo a gcás a chur in iúl go maith mar glacadh lena n-iarratas go mbeidh Cumann Naomh Columba i gCraobh Shóisir na mblíana sin.

San lá atá inniu ann is beag am a thógann se dul ó Ghleann Cholm Cille go Ard a' Rátha i ngluaisteán. Siar i 1946 ní raibh ach bealach amháin le taisteal agus sin ar rothar. Rinneadar an turas sin tráthnóna agus nuair a bhí an gnó déanta ní raibh de rogha acu ach léim ar na rothair arís agus a n-aghaidh a thabhairt ar Ghleann Cholm Cille arís suas thar Ghleann Gheis. Bá mhór an t-éacht a bhí déanta acu. Tá mé cinnte

go bhfuair said sásamh ar ndóigh nuair a d'éirigh le foireann na mblíana sin fáil chomh fada leis na gcluichí leath cheannais.

Díreach mar a tharla do na fir agus mná óga na linne sin nuair nach raibh obair ar bith ar fáil thóg Conal an bád go Sasana. Bhí Conal mar duine de na hÉireannaigh a d'éirigh go maith leo, agus bhuail sé lena bhean chéile Úna ann. Thóg siad clann ann agus bhí clú agus cáil ar a chineáltas do na céadta daoine óga a chuaigh go Londain i rith na mblíanta sin mar bhí an doraí i gcónaí oscailte dóibh. Níorbh aon iontas go raibh Conal gníomhach i gcúrsaí peile i Londain roimh i bhfad ach bhí a chroí fós i nGleann Cholm Cille. Thóg é fhéin agus Úna teach álainn i nGleann agus tháinig siad ar áis lena gclann agus thosaigh siad ar saol úr. Fíodóir den chéad scoth ba ea é agus rinne sé na mílte slat den bhréidín álainn a thuill cáil don cheantar seo. Bhí sé ina iascaire fosta, lena bhád fhéin agus ba bhreá leis an bád a thabhairt amach i mBá Ghlinne. Eisean a bhí flaithiúil leis na gálaí éisc. Bhí croí maith aige i gcónaí do chuile dhuine.

Chomh luath agus a tháinig sé ar áis go Gleann Cholm Cille arís chuir sé fuinneamh nua sa Chumann áitiúla. Níor spáráil sé am nó iarracht leis an pheil Ghaelach a chur chun tosaigh. Ghlac sé postanna éagsúla sa Chumann agus chomhlíon sé na dualgais a bhain leis na postanna sin go díograiseach i gcónaí. Táimid ag ceiliúradh 30 bliain ó bhí

Comórtas Peile na Gaeltachta eagraithe i nGleann Cholm Cille don chéad uair, agus ag amharc siar ar an ócáid sin bliantach an obair a rinne Conal don Chumann idir lá agus oíche. Mar gheall ar obair Chonal agus go leor daoine eile d'éirigh thar bharr linn. Wamhlaidh an scéal i 1989 nuair a bhí na Comórtais ar áis i nGleann Cholm Cille agus bhí sé díreach chomh gníomhach arís.

Thaisteal se ar fud na tíre ag obair don chumann. Ní fheadfá a bheith i gcomhlúadar níos fearr mar go raibh na scéala greannmháire i gcónaí aige. Le cupla bliain anuas ní raibh an sláinte ró-mhaith aige ach mar sin féin d'fhreastal sé ar chruinnithe dár gCumann go dtí go raibh an bás ag a dhoras. Bhí sé mar

Uachtarán ar an chumann le roinnt blianta anuas. Aitheantas ba ea sin do na blianta fada de sheirbhís a thug sé dúinn i gCumann Lúthchleas Gael Naomh Columba. Ní chuirfeadh sé iontas ar bith orainn dá mbeadh focal aige le Dia chun cinntiú go mbeidh gach rud ar fheabhas agus an aimsir ar dóigh do na Comórtais i nGleann Cholm Cille ag tús Mí Mheithimh i mblíana arís.

Do a bhean Úna, a theaghlach agus a ghaolta go léir déanfaimid comhbhrón ónár gcroíthe. Go mbeidh Dia maith do anois agus go deo. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Proinsias Mac Cuinneagáin.

Foodland Cash & Carry, Donegal Wholesale

The Glebe, Baile Dhún na nGall

Fón: 074-9721033 / 074-9722400

Facs: 074-9722181

Gach deá ghuí le CLG Naomh Columba le Comórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Go n-éirí go mór leis an deireadh seachtaine.

An Cluiche Iomána sa Cheantar Seo

Sul a dtáinig an cluiche peile i dtreis sa cheantar seo i dtús na fichéad aoise, ba é an cluiche iomána a bhí mar chluiche foirne ag na daoine. Tá sin le sonrú go fóill ins na logainmneacha agus sa tseanchas.

Thiar i bhFothair Chonaill, i mBaile Rinn na Cille, tá mún bheag ar a dtugtar "Páirc na h-Iomána". Tá leath-chéad bliain ó shoin, d'inis m'athair domh gur minic a bhí sé féin agus buachaillí an bhaile ag iomán ar an pháirc sin. Ar ndóighe, ní camáin a bhí acu, ach bataí coill agus cromóga láidre orthu. Dá bhrí sin, ba Iomán Talaimh a bhí 'á imirt acu! Amuigh ar Ros Mór na Málainne Móire tá "Léana na h-Iomána". Léana breá, mór, farsaing atá ann seo.

Sa tseanchas tá an scéal "Báire na Fola". Tá an scéal seo le fáil ar leathanaigh 246-249 de "Gaeilge Theilinn" le Heinrich Wagner. Is é an cigire Pádraig Mac Seáin a scríobh síos an scéal; cunntas ar chluiche mór iomána idir foireann as Cill Chathach agus foireann as Teileann. Ba ar Thráigh Bhearnaigh Dhearg a h-imríodh an cluiche agus 'bhí an lá le foireann Theilinn. Fosta, tá scéal ag Seán Ó h-Eochaidh ar leathanaigh 196-200 de "Sí-Scéalta Thír Chonaill"; sin "Baicle Sí ag Iomán ar an Tráigh", ina bhfuil cunntas ar chluiche iomána i measc na síogaí!

Seosamh Ua Gallchobhair, Teileann, Tír Chonaill.

www.oideas-gael.com

Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta

ón ghiantosaitheoir go líofa

Cúrsaí speisialta ard-leibhéal Gaeilge

- Cruinneas na Gaeilge
- Oiliúint Múinteoirí
- SCG

Saoire Gníomhaíochta

- Siúl sléibhe • Timpeallacht & Cultúr
- Seandálaíocht • Damhsa • Péintéireacht
- Potadóireacht • Feadóg
- Bodhrán • Cláirseach



Billeog 2008 ar fáil ó

OIDEAS GAEL

Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall

Fón: 074 973 0248 Facs: 074 973 0348

oideasgael@eircom.net



Óstán Shliabh Liag

BEÁR – BIALANN – LOISTÍN


AN CHARRAIG FÓN: 074-9739973

LÁN CHEADÚNAITHE
BIA BAILE DEN SCÓTH
BRICFEASTA – LÓN – BÉILÍ TRÁTHNÓNA
BÉILÍ ÉADROM
LOISTÍN EN-SUITE

Slieve League Developments
www.SlieveLeagueHomes.ie

Do thithe de ard-chaighdeán in Iar Dheisceart Dhún na nGall
Glaigh ar 074-9739855

ARD NA CARRAIGE, AN CHARRAIG,
CO. DHÚN NA NGALL.




"Ádh mór leis na foirne uilig i gComórtas Peile na Gaeltachta 2008
Clann Uí hEigheartaigh, Óstán Shliabh Liag"

Comórtas Peile na Gaeltachta 1986 sna Dúnaibh

Na bliain 1986 sna Dúnaibh, bhain Naomh Columba Comórtas Peile na Gaeltachta sinsear faoi bhainistíocht Phadaí Beag Mac Giolla Easbuig. Scóráil Pádraig Ó hEigheartaigh cúl tábhairne san Chluiche Ceannais in aghaidh An Fhairche. Bhí Seán P. Mac Fhionnghaile mar chaptaen an lá sin agus b'é an scór deireannach ná Naomh Columba 1-4, An Fhairche 0-6.

Foireann an lá sin:

Colm Mac Fhionnghaile, Seán Seosamh Ó Docartaigh, Pádraí J MacFhionnghaile, Deasún Ó Dálaigh, Mícheal Mac Nialluis, Mícheal Oilibhéar Mac an tSaoir, Seán Ó Gaibheagáin, Seán P Mac Fhionnghaile, Pádraig Ó Gaibheagáin, Seamus Mac Giolla Chearra, Pádraig Ó hEigheartaigh, Pól Mac an tSaoir,




Seán P Mac Fhionnghaile, Captaen Naomh Columba le Corn an Aite i 1986 sna Dúnaibh.

Comórtas Peile na Gaeltachta - Gleann Cholm Cille 2008

Padraig Mac Giolla Chearra, Mícheal Ó Gallachóir, Eunan Mac an tSaoir, Fir Ionaid: Seán Ó Dochartaigh (do P

Ó hEigheartaigh), Connie Ó Gadhra, Seamus Ó Cinnéide, Donal Ó Donnabháin, Noel Mac Giolla Chearra



Foireann Naomh Columba, Gleann Cholm Cille a bhain Comórtas Peile na Gaeltachta Sinsir i 1986



Quay Street,
Baile Dhún na nGall.

Fón/Facs: 074-9723513

Rpost: gbrittonallsports@eircom.net

"Gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008 agus ádh mór le foireann peile CLG Naomh Columba"

Seirbhís Iompair Tuaithe Teo (S.I.T.T.)

Community Transport Service

Ag cur seirbhís iompair comhtháite insroichte ar fáil d'Iar Dheisceart Dhún na nGall

Bainisteoir: Fiona O Shea

Sean monarchan caifé,
Cill Chartha,
Co Dhún na nGall.

Fón: 00353 74 9738913

Póca: 087 6876628

R-phost: sitt@eircom.net

Ádh mór ar

C.L.G. Naomh Columba

Go n-éirí le

Comórtas Peile na Gaeltachta 08



EARAGAIL ÉISC TEO

Comhlacht Próiseáil Éisc.

Speisialtóirí ó thaobh easpórtáil éisc próiseálta :

**príomhúlach, tánaisteach
agus sliogéisc, Portán, Cuachma,
Miongán, Scadán, Murlas.**

Comhghairdeas le Cumann Lúthchleas Gael Naomh Columba as an sar-oibre a rinne siad le Comórtas Peile na Gaeltachta a réachtáil i mbliana.

Tá súil againn go mbainfidh sibh uilig sult as imeachtaí an deireadh seachtaine!

Mín an Aoire, An Charraig, Tír Chonaill, Éire

Fón: 074 9739023

Facs: 074 9739114



Networks

Serving all electricity customers

**Gréasáin BSL
ag freastal
ar chustaiméir
Leictreachas uile**

Gach dea ghuí chuig
CLG Naomh Columba
Gleann Cholm Cille

agus

Comhghairdeas ar ócáid

**Chomórtas Peile
na Gaeltachta 2008**

Comhghairdeas agus Ádh Mór ar
Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008

ó

O' Donnell Bros (Dgl) Ltd

Iompar agus Innealra & Gléasra ar Cíos

An Príomh Sráid, Cill Chártha, Co. Dhún na nGall

Fón: 074-9738019 / 9738148

Facs: 074-9738397

R-phost: odonnellbros@eircom.net

VAT No. IE 6344295T



O'DONNELL'S BAKERY

TRUMMON, LATHAIGH, TÍR CHONAILL

Fón 074 97 21808

Tá súil againn go mbainfidh muintir
Ghleann Cholm Cille sult as an deireadh seachtaine seo

Comhghairdeas le CLG Naomh Columba ar
eagrúchán Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008

Gach rath ar na foirne uilig! ó

Pat Curran Plumbing & Heating Teo.

Dumhaigh, Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall

Fón/Facs: 074-9730857 Fón Póca: 087-2899986

email: pcph@eircom.net



"Do gach gné pluiméireacht agus teas"

Cláraithe le Greener Homes - C2 Cláraithe -
Baile & Tionsclaíoch

- Córtais Fhuinneamh In-athnuaite / Renewable Energy Systems
- Millíní Adhmaid / Wood Pellet
- Córtais Geoiteirmeach / Geothermal Systems
- Teas Faoi Thalamh / Underfloor Heating
- Painéil Gréine / Solar Panels
- Téamh le hola / Oil Fired Central Heating

ABDS

Ailteoirí

Teil: 074 9732400

Faics: 0749732500

R-Phost: abds@eircom.net

Tá áthas orainn a bheith comhcheangailte leis na forbairtí ag
Fairs na nGael agus tá súil againn go mbeidh Comórtas iontach i
nGleann i mbliana

Buaiteoirí Chomórtas Peile na Gaeltachta, 1969-2007

Buaiteoirí agus Ionad

An Comórtas Sinsearach

Bliain	Buaiteoirí	Tanaistí	Ionad
2007	Gaoth Dobhair	Tuar Mhic Eadaigh	Béal Átha'n Ghaorthaidh
2006	Béal an Mhuirthid	Mícheal Breathnach	An Spidéal
2005	Baile Bhuirne	Gaoth Dobhair	Cill na Martra
2004	Gaoth Dobhair	Cill tSeadhna	Cill Chartha
2003	Baile Bhuirne	An Cheathrú Rua	Baile Bhuirne
2002	Gaoth Dobhair	Baile Bhuirne	Leitir Móir
2001	Clochán Liath	Baile Bhuirne	Piarsaigh na Dromada
2000	Baile Bhuirne	Cill Chartha	Cill tSeadhna
1999	An Ghaeltacht	Baile Bhuirne	An Rinn
1998	Ard a'Rátha	Cloich Cheannfhaola	Cloich Cheannfhaola
1997	An Cheathrú Rua	Corca Dhuibhne	An Cheathrú Rua
1996	Corca Dhuibhne	Baile Bhuirne	Baile Bhuirne
1995	Corca Dhuibhne	An Fhairche	An Fhairche
1994	Gaoth Dobhair	An Cheathrú Rua	Gaoth Dobhair
1993	Cloich Cheannfhaola	Leitir Móir	Rath Cairn
1992	Cloich Cheannfhaola	An Cheathrú Rua	Indreabhán
1991	Cill Chartha	Maigh Cuilinn	Béal Átha'n Ghaorthaidh
1990	Cill Chartha	Corca Dhuibhne	Gallarus
1989	Cill Chartha	Naomh Columba	Gleann Cholm Cille
1988	Muscráí	Cill Chartha	An Cheathrú Rua
1987	Cill Chartha	An Fhairche	Béal an Mhuirthid
1986	Gleann Cholm Cille	An Fhairche	Na Dúnaibh
1985	Béal an Mhuirthid	Corca Dhuibhne	Gallarus
1984	Béal an Mhuirthid	Ard a' Rátha	An Rinn
1983	Na Dúnaibh	Béal an Mhuirthid	Gaoth Dobhair
1982	Baile Bhuirne	Béal an Mhuirthid	Gaoth Dobhair
1981	Baile Bhuirne	Naomh Ciarán	Indreabhán
1980	Baile Bhuirne	An Fhairche	An Fhairche

1979	Baile Bhuirne	Corca Dhuibhne	Baile Bhuirne
1978	Gleann Cholm Cille	An Fhairche	Gleann Cholm Cille
1977	Na hAghasaigh	Baile Bhuirne	An Daingean
1976	Gaoth Dobhair	Baile Bhuirne	An Cheathrú Rua
1975	Baile Bhuirne	Leitir Móir	Gaoth Dobhair
1974	Na hAghasaigh	Naomh Conall	Baile Bhuirne
1973	Maigh Eo	Gaoth Dobhair	An Cheathrú Rua
1972	Na hAghasaigh	Baile Bhuirne	An Daingean
1971	Maigh Cuilinn	Baile Bhuirne	Baile Bhuirne
1970	Conamara	Baile Bhuirne	Baile Bhuirne
1969	Gaoth Dobhair	Corca Dhuibhne	Corca Dhuibhne

Clár na Buaiteoirí Sinsir

Buaiteoirí Sinsir		Tanaistí Sinsir	
Baile Bhuirne	8	Baile Bhuirne	9
Gaoth Dobhair	6	An Fhairche	5
Cill Chartha	4	Corca Dhuibhne	5
Na hAghasaigh	3	An Cheathrú Rua	3
Béal an Mhuirthid	2	Béal an Mhuirthid	2
Cloich Cheannfhaola	2	Cill Chartha	2
Corca Dhuibhne	2	Leitir Móir	2
Gleann Cholm Cille	2	Gaoth Dobhair	2
An Cheathrú Rua	1	Ard a'Rátha	1
An Ghaeltacht	1	Maigh Cuilinn	1
Ard a'Rátha	1	Naomh Ciarán	1
Clochán Liath	1	Naomh Columba	1
Conamara	1	Naomh Conall	1
Maigh Cuilinn	1	Cloich Cheannfhaola	1
Maigh Eo	1	Cill tSeadhna	1
Na Dúnaibh	1	Tuar Mhic Eadaigh	1
Muscráí	1		

An Comórtas Sóisearach 1977-2007

Bliain	Buaiteoirí	Tanaistí	Ionad
2007	Naomh Mhuire	Acaill	Béal Átha an Ghaorthaidh
2006	Michael Breathnach	Gael Fhanada	An Spidéal
2005	Lios Póil	Cill Chómain	Cill na Martra
2004	Béal An Mhuirthead	Na Dúnaibh	Cill Chartha
2003	Lios Póil	Béal an Mhuirthid	Baile Bhuirne
2002	B.Atha an Ghaorthaidh	An Rinn	Leitir Moir
2001	Piarsaigh na Dromada	Tur Mhic Eadaigh	Piarsaigh na Dromada
2000	Micheal Breathnach	Tur Mhic Eadaigh	Cill tSeadhna
1999	Lios Póil	B. Atha an Ghaorthaidh	An Rinn
1998	Piarsaigh na Dromada	B. Atha an Ghaorthaidh	Choich Cheannfhaola
1997	Piarsaigh na Dromada	Naomh Columba B	An Cheathrú Rua
1996	Micheal Breathnach	Naomh Mícheal D.na nGall	Baile Bhuirne
1995	B.Atha an Ghaorthaidh	Carna Caiseal	An Fhairche
1994	Piarsaigh na Dromada	Naomh Muire	Gaoth Dobhair
1993	Rath Cairn	An Rinn	Rath Cairn
1992	B.Atha an Ghaorthaidh	Acaill	Indreabhán
1991	B.Atha an Ghaorthaidh	Clann Cholaiste Mhuire	B.Atha an Ghaorthaidh
1990	Corca Dhuibhne	Piarsaigh an Dromada	Gallarus
1989	Cill Chartha	Na Piarsaigh	Gleann Cholm Cille
1988	Rath Cairn	Tur Mhic Eadaigh	An Cheathrú Rua
1987	Leitir Móir	Gaoth Dobhair	Béal an Mhuirthid
1986	An Clochan Liath	Rath Cairn	Na Dúnaibh
1985	Naomh Mícheal	Béal Atha an Ghaorthaidh	Gallarus
1984	B. Atha an Ghaorthaidh	Clann Choláiste Mhuirc	An Rinn
1983	Tur Mhic Eadaigh	An Cheathrú Rua	Gaoth Dobhair
1982	Na Dúnaibh	Cloich Cheannfhaola	Gaoth Dobhair
1981	Na Dúnaibh	Naomh Michael D.na nGall	Indreabhán
1980	Naomh Mícheal	B.na Tur Mhic Eadaigh	An Fhairche
1979	Naomh Mícheal	B.na Gleann Fhinne	Baile Bhuirne
1978	Carna	Naomh Mícheal	Gleann CholmCille
1977	An Fhairche	C.L. Breanann	An Daingean

Do not follow where
the path may lead.

Go instead where
there is no path
and leave a trail.

Ralph Waldo Emerson

Like Emerson we understand that our customers think differently. Thinking in answers rather than questions our people support ideas and business vision everyday. As three times winner of the KPMG Business Banking Excellence Awards we are proud of this recognition and in the continuing growth of our customer base, on the island of Ireland.

Whatever your vision or plans we deliver flexibility and expertise both globally, through RBS and locally in your area.

So let's talk about your journey



 **Ulster Bank**

www.ulsterbank.com




With Best Wishes



- 1: Oifig Eolais
- 2: Páirc na nGael agus Ollphuball
- 3: Oifig Eolais (Seanscoil na Carraige)
- 4: Cill Chartha (Páirc Peile).

An Caiseal



Eolas

Dochtúir

NOWDOC.....1850400911

Staisiún Tine.....999 nó 112

Garda Síochana

An Charraig.....074 9739002

Gleann Cholm Cille.....074 9730002

Na Cealla Beaga.....074 9731002

Na Gleanntaí.....074 9551080

Taisteal

Curran Travel Bogach, An Charraig.....074 9739141
087 2459454Colm Ó Dochartaigh Gleann Cholm Cille.....074 9730174
087 1051231Conal Mac Giolla Easbuig Gleann Mhalainn,
Gleann Cholm Cille.....074 9730029

Breandán Ó hEochaidh Rann na Cille, Teileann.....074 9739148

Seosamh Ó hEochaidh Rann na Cille, Teileann.....074 9739145

Seirbhís Iompair Tuaithe Teo Cill Chartha.....074 9738913

Bus Éireann Leitir Ceanainn.....074 9121309

Bus Éireann Srath an Urláir.....074 9131008

Aifreann

An Caiseal Dé Sathairn.....8.00 i.n.
Dé Domhnaigh.....11.00 r.n. (Beo ar RTE
Radio na Gaeltachta)

An Charraig Dé Sathairn.....6.30 i.n.

Dé Domhnaigh.....11.00 r.n

Mín an Aoire Dé Domhnaigh.....9.30 r.n.

Urraithe

Ba mhaith le CLG Naomh Coumba buíochas a ghabháil leis na hurraithe seo a leanas. Tá muid fíor-bhuíoch as ucht an tacaíocht a thug siad dúinn:

Coillte

Údarás na Gaeltachta

United Fish Industries

Comhairle Condae Dhún na nGall

Páirc an Chrócaigh

Bord Bia

Bord Iascaigh Mhara

TG4

RTE Radio na Gaeltachta

Bus Éireann

Postbank

ESB Networks

Bord Chondae Dhún na nGall

Aerphort Dhún na nGall

Dulux

Comhairle Uladh

DHL Express

O Neills

Kelloggs

Ulster Bank

Earagail Éisc Teo.

Agus ár bhfógraitheoirí uilig

Buíochas

Buíochas le achan duine a chuidigh leis an chlár seo a chur le chéile. Go raibh maith agaibh uilig a scríobh altanna, a rinne aistriúcháin agus a bhailigh na bhfógraí, go hathraithe na daoine seo a leanas a chuidigh go mór leis an tion-snamh: Mairéad Ní Dhochartaigh, Caitriona Nic Seoin, Aoibheann Ní Churraighín, Carolann Nic a' tSaoir,

Mícheal Mac Fhionnlaoidh, Liam Ó Cuinneagáin, Aindreas Ó Dochartaigh, Carmel Ní Eochaidh, Cáit Mhac Fhionnlaoidh, Mícheal Mac Giolla Easbuig, Seán Seamus Mac Lochlainn, Seán Mac Conaill agus an coiste uilig.

Eunan Mac Cuinneagáin

Ardara Launderette & Dry Cleaners

Kentucky, Ard a Rátha, Tír Chonaill Fón: 074 (95) 41298 / 087 202 3033
Úinéirí: John & Margaret Boyle

Uaireanta Oscailte : Luan - Aoine 9.00 r.n. – 6.00 i.n.
Dé Sathairn 9.00 r.n. – 4.00 i.n.

SEIRBHÍ

Tirimghlanadh / Full Dry Cleaning Services

Nigh amháin / Triomú amháin Wash / Dry Only

Seirbhís ar an lá chéanna / Same Day Launderette Service

Feathail Spóirt / All Sports Kits

Seirbhís Iarnála / Ironing Service

Seirbhís Bailithe & Seachadadh / Collection & Delivery Service

Rátaí Tráchtála – Fáilte roimh Óstáin, Tithe Tábhairne & Bialanna

Commercial Rates – We welcome Hotels, Pubs & Restaurants

Ardara Launderette & Dry Cleaners have recently moved to their new and bigger premises, yards from their previous establishment at Kentucky, Ardara. Providing a quality service, they can answer all your laundry needs from washing to ironing. Ádh mór ar ár gcomharsana i nGleann Cholm Cille !




It's a word that seems to be going out of fashion. However, at Postbank we believe in the importance of community and that's why we're bringing banking back to your local neighbourhood. Postbank is a marriage of the local Post Office you know and trust and Fortis, one of Europe's largest banks. It's a marriage that gives you the best of both worlds - down to earth service in your local community that's backed by the financial expertise of a major bank. So for a real sense of community why not call into your local Post Office, log onto www.postbank.ie or LoCall 1890 30 30 40 today.

postbank^o

As simple as it should be

Postbank Limited is regulated by the Financial Regulator.



The Bay View Hotel & Leisure Centre

is a superior three star hotel, beautifully situated in the centre of the coastal town of Na Cealla Beaga, Contae Dhún na nGall.

The Bay View Hotel has 40 en-suite bedrooms and a choice of luxurious suites, restaurant, bar and leisure centre with swimming pool.

Guests dining in the hotel's 'Captain's Table

Restaurant' which overlooks Killybegs harbour can enjoy unsurpassed views of Donegal Bay while savouring the fine food and choice of freshly landed 'catch of the day' available from the hotel's extensive menu.

